



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, an 8 Deireadh Fómhair
2024
(OR. en)

14764/11
ADD 27

Comhad Idirinstitiúideach:
2011/0249 (NLE)

WTO 329
AMLAT 84
SERVICES 96
COMER 193

GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE

Ábhar: Comhaontú Trádála idir an tAontas Eorpach agus a Bhallstáit, de pháirt, agus an Cholóim agus Peiriú, den pháirt eile

MAIDIR LE SAINMHÍNIÚ AN CHOINCHEAPA ‘TAIRGÍ TIONSCAIMH’ AGUS
MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

CLÁR NA nÁBHAR

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1 Sainmhínithe

ROINN 2

AN SAINMHÍNIÚ AR AN gCOINCHEAP ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’

Airteagal 2	Ceanglais Ghinearálta
Airteagal 3	Carnadh Tionscnamh
Airteagal 4	Carnadh Tionscnamh le Tíortha Eile
Airteagal 5	Táirgí arna bhFáil go hIomlán
Airteagal 6	Táirgí a nDearnadh Leoroibriú nó Leorphróiseáil orthu
Airteagal 7	Oibriúcháin Neamhleora maidir le hOibriú nó Próiseáil
Airteagal 8	Aonad Incháilitheachta
Airteagal 9	Gabhálais, Páirteanna Spártha agus Uirlisí
Airteagal 10	Tacair
Airteagal 11	Eilimintí Neodracha

ROINN 3

CEANGLAIS CHRÍCHE

Airteagal 12	Prionsabal an Chríochachais
Airteagal 13	Dír-iompar
Airteagal 14	Taispeántais

ROINN 4

CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH

Airteagal 15	Ceanglais Ghinearálta
Airteagal 16	Nós imeachta maidir le Deimhniú Gluaiseachta EUR.1 a Eisiúint
Airteagal 17	Deimhniú gluaiseachta EUR.1 arna eisiúint go cúlghabhálach
Airteagal 18	Dúblach de Dheimhniú Gluaiseachta EUR.1 a Eisiúint
Airteagal 19	Deimhnithe Gluaiseachta EUR.1 a eisiúint ar Bhonn Cruthúnas ar Thionscnamh a Eisíodh nó a Tarraingíodh Suas Roimhe sin
Airteagal 20	Coinníollacha maidir le Dearbhú Sonraisc a Tharraingt Suas
Airteagal 21	Onnmhaireoir Formheasta
Airteagal 22	Bailíocht an Chruthúnais Tionscnaimh
Airteagal 23	Cruthúnas ar Thionscnamh a Chur Isteach

Airteagal 24	Allmhairiú i dTráthchodanna
Airteagal 25	Díolúintí ó Chruthúnas Tionscnaimh
Airteagal 26	Doiciméid Tacaíochta
Airteagal 27	An Cruthúnas ar Thionscnamh agus na Doiciméid Tacaíochta a Chaomhnú
Airteagal 28	Neamhréireachtaí agus Earráidí Foirmiúla
Airteagal 29	Méideanna arna Sloinneadh in Euro

ROINN 5

SOCRUITHE MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN

Airteagal 30	Comhoibriú i Measc Na nÚdarás Inniúil
Airteagal 31	Cruthúnais Tionscnaimh a Fhíorú
Airteagal 32	Réiteach Díospóidí
Airteagal 33	Pionóis
Airteagal 34	Saorchriosanna

ROINN 6

CEUTA AGUS MELILLA

Airteagal 35	Cur i bhFeidhm na hIarscríbhíne seo
Airteagal 36	Coinníollacha sonracha

ROINN 7

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

- Airteagal 37 Leasú ar an Iarscríbhinn seo
- Airteagal 38 Forálacha Idirthréimhseacha le haghaidh Táirgí atá faoi Bhealach nó Táirgí atá á Stóráil

LIOSTA NA bhFOSCRÍBHINNÍ

- Foscríbhinn 1: Réamhnótaí leis an liosta atá i bhFoscríbhinn 2
- Foscríbhinn 2: Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun gur féidir leo stádas tionscnaimh a fháil
- Foscríbhinn 2A: Liosta den oibriú nó den phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh chun gur féidir leo stádas tionscnaimh a fháil
- Foscríbhinn 3: Samplaí de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 agus iarratas ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1
- Foscríbhinn 4: Téacs an dearbhaithe sonraisc
- Foscríbhinn 5: Táirgí a bhfuil feidhm maidir le ag fomhír (b) de dhearbhu an Aontais Eorpaigh maidir le hAirteagal 5 i ndáil le táirgí tionscnaimh ón Pheiriú agus ón gColóim

DEARBHUITHE
MAIDIR LE hIARSCRÍBHINN II A BHAINNEANN LE SAINMHÍNIÚ
AN CHOINCHEAPA ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’
AGUS MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

Dearbhú ón Aontas Eorpach maidir le hAirteagal 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II i ndáil le táirgí tionscnaimh ó Pheiriú agus ón gColóim

Dearbhú comhpháirteach ó Pheiriú agus ón gColóim maidir le hAirteagal 5 a ghabhann le hIarscríbhinn II i ndáil le táirgí tionscnaimh ón Aontas Eorpach

Dearbhú comhpháirteach maidir le Prionsacht Andóra

Dearbhú comhpháirteach maidir le Poblacht San Mairíne

Ráiteas Comhpháirteach maidir le hathbhreithniú ar na rialacha tionscnaimh atá in Iarscríbhinn II maidir le Sainmhíniú ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin

ROINN 1

FORÁLACHA GINEARÁLTA

AIRTEAGAL 1

Sainmhínte

Chun críocha na hIarscríbhíne seo:

- ciallaíonn “dobharshaothrú” saothrú orgánach uisceach, lena n-áirítear éisc, moilisc, crústaigh, inveirteabraigh uisceacha eile agus plandaí uisceacha, ó shíolstoc amhail uibheacha, gílídíní, méaróga agus Iarbhaí, trí idirghabháil sna próisis tógála nó fáis chun an táirgeadh a fheabhsú, amhail stocáil rialta, beathú rialta, cosaint ó chreachadóirí, etc.;
- ciallaíonn ‘caibidlí’ agus ‘ceannteidil’ na caibidlí agus na ceannteidil (cóid dhá dhigit agus cóid ceithre dhigit) a úsáidtear san ainmníocht arb í an córas tuairiscithe agus códaithe tráchtearraí comhchuibhithe í, dá ngairtear ‘an Córas Comhchuibhithe’ nó ‘CC’ san Iarscríbhinn seo;
- tagraíonn ‘aicmithe’ d’aicmiú táirge nó ábhair faoi cheannteideal áirithe;

- tagraíonn ‘údaráis inniúla nó údaráis chustaim’ do na comhlachtaí rialtais seo a leanas:
 - (a) maidir leis an gColóim, an Ministerio de Comercio, Industria y Turismo nó Dirección de Impuestos de Aduanas Nacionales, nó a gcomharbaí;
 - (b) maidir le Peiriú, an Ministerio de Comercio Exterior y Turismo, nó a chomharbaí; agus
 - (c) maidir leis an Aontas Eorpach, údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh.
- ciallaíonn ‘coinsíneacht’ táirgí a chuirtear go comhuaineach ó onnmhaiseoir amháin chuig coinsíní amháin nó atá cumhdaithe ag aon doiciméad iompair amháin lena gcumhdaítear seoladh na dtáirgí sin ón onnmhaiseoir chuig an gcoinsíní nó, in éagmais doiciméad den sórt sin, a sheoltar le sonrasc amháin;
- ciallaíonn ‘luach custaim’ an luach arna chinneadh i gcomhréir leis an gComhaontú maidir le Luacháil Custaim;
- ciallaíonn ‘praghas díreach ón monarcha’ an praghas a íoctar as an táirge díreach ón monarcha leis an monaróir, san Aontas Eorpach nó sa tír Aindéach is sínitheoir, a ndéantar an t-oibriú deireanach nó an phróiseáil dheireanach ina ghnóthas, ar choinníoll go bhfuil luach na n-ábhar uile arna n-úsáid cuimsithe sa phraghas sin, lúide aon chánacha inmheánacha a aisíoctar, nó is féidir a aisíoc, nuair a dhéantar an táirge sin a fuarthas a onnmhairiú;

- ciallaíonn ‘earraí’ ábhair agus táirgí araon;
- ciallaíonn ‘monarú’ aon chineál oibrithe nó próiseála lena n-áirítear cur le chéile nó oibríochtaí sonracha;
- ciallaíonn ‘ábhar’ comhábhar, amhábhar, comhpháirt nó páirt etc. ar bith a úsáidtear le linn mhonarú an táirge;
- ciallaíonn ‘táirge’ an táirge atáthar a mhonarú, fiú má tá sé ceaptha lena úsáid ina dhiaidh sin in oibríocht mhonaraíochta eile;
- ciallaíonn ‘amhábhar’ substaint bhunúsach ina staid nádúrtha, mhodhnaithe nó leathphróiseáilte, a úsáidtear mar ionchur i bpróiseas táirgthe lena mhodhnú nó lena chlaochlú ina dhiaidh sin ina tháirge críochnaithe;
- ciallaíonn ‘luach na n-ábhar neamhthionscnaimh’ an luach custaim tráth a allmhairítear na hábhair neamhthionscnaimh arna n-úsáid, nó, murab eol sin agus nach féidir é a fháil amach, ciallaíonn sé an chéad phraghas infhíoraithe a íocadh as na hábhair san Aontas Eorpach nó sa tír Aindéach is sínitheoir.

ROINN 2

AN SAINMHÍNIÚ AR AN gCOINCHEAP ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’

AIRTEAGAL 2

Ceanglais Ghinearálta

1. Chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, measfar gur de thionscnamh an Aontais Eorpaigh na táirgí seo a leanas:
 - (a) táirgí a fuarthas go hiomlán san Aontas Eorpach, de réir bhrí Airteagal 5; agus
 - (b) táirgí a fuarthas san Aontas Eorpach a bhfuil ábhair iontu nach bhfuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar na hábhair sin san Aontas Eorpach de réir bhrí Airteagal 6.
2. Chun an Comhaontú seo a chur chun feidhme, measfar gur de thionscnamh na tíre Aindéi is sínitheoir na táirgí seo a leanas:
 - (a) táirgí a fuarthas go hiomlán sa tír Aindéach is sínitheoir, de réir bhrí Airteagal 5; agus

- (b) táirgí a fuarthas sa tír Aindéach is sínitheoir a bhfuil ábhair iontu nach bhfuarthas go hiomlán sa Pháirtí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil leordhóthanach ar na hábhair sin sa tír Aindéach sin is sínitheoir de réir bhrí Airteagal 6.

AIRTEAGAL 3

Carnadh Tionscnamh

1. Measfar gur ábhair de thionscnamh tíre Aindéi is sínitheoir iad ábhair de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nuair a ionchorpraíodh i dtáirge a fuarthas sna stáit sin iad. Ní bheidh sé riachtanach leoroibriú ná leorphróiseáil a bheith déanta sa tír Aindéach is sínitheoir ar na hábhair sin, ar choinníoll go bhfuil níos mó oibrithe nó próiseála déanta orthu ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 7.
2. Measfar gur ábhair de thionscnamh an Aontais Eorpaigh iad ábhair de thionscnamh tíre Aindéi is sínitheoir nuair a ionchorpraíodh i dtáirge a fuarthas sa tír sin iad. Ní bheidh sé riachtanach leoroibriú ná leorphróiseáil a bheith déanta san Aontas Eorpach nó sa tír Aindéach eile sin is sínitheoir ar na hábhair sin, ar choinníoll go bhfuil níos mó oibrithe nó próiseála déanta orthu ná an méid dá dtagraítear in Airteagal 7.

3. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, ábhair de thionscnamh Chósta Ríce, na Salvadóire, Guatamala, Hondúras, Nicearagua, Phanama, Veiniséala nó de thionscnamh Ballstáit de chuid Chomhphobal na nAindéas, measfar gur ábhair de thionscnamh tíre Aindéi is sínitheoir iad nuair a phróiseáiltear nó nuair a ionchorpraítear a thuilleadh iad i dtáirge a fuarthas sa tír sin.
4. Ionas go bhfaighidh na táirgí dá dtagraítear i mír 3 stádas tionscnaimh, ní bheidh sé riachtanach go ndéanfaí leoroibriú nó leorphróiseáil ar na hábhair, ar choinníoll:
 - (a) go ndeachaigh oibriú nó próiseáil na n-ábhar a rinneadh sna tíortha Aindéacha is sínitheoirí thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7;
 - (b) gur de thionscnamh ceann de na tíortha a liostaítear i mír 3 iad na hábhair, agus rialacha tionscnaimh á gcur i bhfeidhm arb ionann iad agus na rialacha is infheidhme dá n-onnmhaireofaí na hábhair sin go díreach chuig an Aontas Eorpach¹; agus
 - (c) na socruithe atá i bhfeidhm cheana idir na tíortha Aindéacha is sínitheoir agus na tíortha eile dá dtagraítear i mír 3, ceadaítear nósanna imeachta comhair riaracháin leordhóthanacha lena n-áiritheofar cur chun feidhme iomlán na míre seo, chomh maith le hAirteagal 15 maidir le deimhniú agus Airteagal 31 maidir le stádas tionscnaimh na dtáirgí.

¹ I gcás nach tairbhí de chóras fabhrach de chuid an Aontais Eorpaigh ceann de na tíortha a liostaítear i mír 3, beidh feidhm ag rialacha an Chomhaontaithe seo.

5. Is le cruthúnas tionscnaimh faoina bhféadfaí na hábhair sin a onnmhairiú go díreach chuig an Aontas Eorpach a bhunófar stádas tionscnaimh na n-ábhar a onnmhairítear ó thír dá dtagraítear i mír 3 chuig an tír Aindéach is sínitheoir le haghaidh oibriú breise nó próiseáil bhreise.
6. Is le deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eiseofar nó le dearbhú sonraisc a tharraingeofar suas sa tír is onnmhaireoir i gcomhréir le forálacha Roinn 4(Cruthúnas Tionscnaimh) a bhunófar cruthúnas ar stádas tionscnaimh, arna fháil faoi théarmaí mhír 4, táirgí arna n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach. Beidh an tagairt ‘carnadh le [ainm na tíre]’ ar na doiciméid sin.

AIRTEAGAL 4

Carnadh Tionscnamh le Tíortha Eile

1. Arna iarraidh sin do sa tír Aindéach is sínitheoir nó don Aontas Eorpach, measfar ábhair de thionscnamh tíre de chuid Mheiriceá Láir², Mheiriceá Theas nó Mhuir Chairib (dá ngairtear ‘neamh-Pháirtí’ anseo feasta san Airteagal seo) a bheith ina n-ábhair de thionscnamh tíre Aindéi is sínitheoir nó de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nuair a dhéantar iad a phróiseáil a thuilleadh nó a ionchorprú a thuilleadh i dtáirge a fuarthas sa tír sin.

² Áirítear leis an tagairt seo Stáit Aontaithe Mheicsiceo.

2. Seolfar an iarraidh dá dtagraítear i mír 1 chuig an bhFochoiste um Chustaim, Éascú Trádála agus Rialacha Tionscnaimh (dá ngairfear ‘an Fochoiste’ anseo feasta) i gcomhréir le hAirteagal 68, fomhír 2(f) den Chomhaontú seo.
3. Ionas go bhfaighidh na táirgí dá dtagraítear i mír 1 stádas tionscnaimh, ní bheidh sé riachtanach go ndéanfaí leoroibriú nó leorphróiseáil ar na hábhair, ar choinníoll:
 - (a) go ndeachaigh oibriú nó próiseáil na n-ábhar a rinneadh sna tíortha Aindéacha is sínitheoirí nó san Aontas Eorpach thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7;
 - (b) gur de thionscnamh neamh-Pháirtí na hábhair, agus rialacha tionscnaimh á gcur i bhfeidhm arb ionann iad agus na rialacha is infheidhme más rud é gur onnmhairíodh na hábhair sin go díreach chuig na tíortha Aindéacha is sínitheoirí nó chuig an Aontas Eorpach, faoi seach; agus
 - (c) go bhfuil socrú ag na tíortha Aindéacha is sínitheoirí, an tAontas Eorpach agus aon Pháirtí nó neamh-Pháirtí eile lena mbaineann, maidir le nósanna imeachta comhair riaracháin leordhóthanacha lena n-áiríteofar cur chun feidhme iomlán na míre seo, chomh maith le hAirteagal 15 maidir le deimhniú agus Airteagal 31 maidir le stádas tionscnaimh na dtáirgí.
4. Comhaontóidh na Páirtithe, laistigh den Fhochoiste, na hábhair a mbeidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leo.

5. Féadfar an carnadh a bhunaítear san Airteagal seo a chur i bhfeidhm ar na coinníollacha seo a leanas:
- (a) go bhfuil comhaontuithe fabhracha trádála atá i gcomhréir le hAirteagal XXIV de CGTT 1994 idir na Tíortha Aindéacha is sínitheoir agus an neamh-Pháirtí lena mbaineann, agus idir an tAontas Eorpach agus neamh-Pháirtí den sórt sin, faoi seach, i bhfeidhm;
 - (b) go bhfuil forálacha carntha atá coibhéiseach leis na cinn dá bhforáiltear faoin Airteagal seo sna comhaontuithe dá dtagraítear faoi fhomhír (a), chun go mbeidh feidhm ag na forálacha carntha ar bhealach cómhalartach idir na tíortha Aindéacha is sínitheoirí, an tAontas Eorpach agus an Páirtí neamh-Pháirtí nó na Páirtithe neamh-Pháirtí lena mbaineann, faoi seach; agus
 - (c) go ndearnadh fógraí ina sonraítear gur comhlíonadh na ceanglais is gá chun carnadh a chur i bhfeidhm faoin Airteagal seo a fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith C), agus i bhfoilseacháin oifigiúla na dtíortha Aindéacha is sínitheoirí agus an neamh-Pháirtí nó na neamh-Pháirtithe lena mbaineann de réir a nósanna imeachta féin.
6. Féadfaidh na Páirtithe teacht ar chomhaontú laistigh den Fhochoiste maidir le coinníollacha breise chun an tAirteagal seo a chur i bhfeidhm.

AIRTEAGAL 5

Táirgí arna bhFáil go hIomlán

1. Measfar go bhfuarthas na táirgí seo a leanas go hIomlán san Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir:
 - (a) táirgí mianracha a eastóscadh as ithir, fo-ithir nó grinneall farraige na gcríoch sin;
 - (b) táirgí plandúla a bailíodh nó a baineadh sna críocha sin;
 - (c) ainmhithe beo a rugadh agus a tógadh sa Pháirtí sin;
 - (d) táirgí a fuarthas ó ainmhithe beo a tógadh sa Pháirtí sin;
 - (e)
 - (i) táirgí a fuarthas de thoradh fiach nó iascaireacht a rinneadh ansin;
 - (ii) táirgí dobharshaothraithe, lena n-áirítear muirshaothrú, i gcás crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisce eile a rugadh agus a tógadh ann;

- (f) táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhain soithí na gcríoch sin as an bhfarraige³;
- (g) táirgí a rinneadh ar bord longa próiseála na gcríoch sin as na táirgí dá dtagraítear i bhfomhír (f) agus as na táirgí sin amháin;
- (h) amhábhair arna n-aisghabháil ó earraí athláimhe a bailíodh ansin;
- (i) dramhaíl agus fuíoll a tháinig as oibríochtaí monaraithe a rinneadh ann;
- (j) táirgí a eastóscadh as ithir mhuirí nó as fo-ithir mhuirí lasmuigh de chríoch an Aontais Eorpaigh nó de thír Aindéi is sínitheoir, ar choinníoll go bhfuil cearta acu an ithir nó an fho-ithir sin a oibriú; na gcríoch sin ar choinníoll gurb acusan amháin atá na cearta an ithir sin nó an fho-ithir sin a oibriú; agus
- (k) earraí a táirgeadh sa Pháirtí sin arb earraí iad a táirgeadh as na táirgí a luaitear go sonrach i bhfomhíreanna (a) go (j) agus as na táirgí sin amháin.

2. Ní bheidh feidhm ag na téarmaí ‘soithí na gcríoch sin’ agus ‘longa próiseála na gcríoch sin’ i bhfomhíreanna 1(f) agus 1(g) ach maidir le soithí agus longa próiseála a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar síos sna Dearbhuithe atá i gceangal leis an Iarscríbhinn seo, ar cuid dhílis den Chomhaontú seo iad.

³ Chun críocha na fomhíre seo, táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhaineann soithí Bhallstáit den Aontas Eorpach as an bhfarraige laistigh de 200 muirmhíle ó bhonnlinnte Tíre Aindéi is sínitheoir, measfar gur de thionscnamh na tíre Aindéi is sínitheoir sin iad; maidir le táirgí iascaireachta mara agus táirgí eile a bhaineann soithí de thír Aindéi is sínitheoir as an bhfarraige laistigh de 200 muirmhíle ó bhonnlinnte Bhallstáit an Aontais Eorpaigh, measfar gur de thionscnamh an Bhallstáit sin den Aontas Eorpach iad.

AIRTEAGAL 6

Táirgí a nDearnadh Leoroibriú nó Leorphróiseáil orthu

1. Chun críocha Airteagal 2, meastar go ndearnadh leoroibriú nó leorphróiseáil ar tháirgí nach bhfuarthas go hiomlán i gcás inar comhlíonadh na coinníollacha a leagtar amach sa liosta atá i bhFoscúbhinn 2 (dá ngairtear ‘an liosta’ anseo feasta).
2. Léirítear leis na coinníollacha dá dtagraítear i mír 1, i gcás gach táirge atá clúdaithe faoin gComhaontú seo, an t-oibriú nó ar an phróiseáil is gá a dhéanamh ar ábhair neamhthionscnaimh a úsáidtear agus na táirgí sin á monarú agus níl feidhm ag na coinníollacha sin ach maidir leis na hábhair sin amháin. Dá bhrí sin, má úsáidtear táirge a bhfuil stádas tionscnaimh aige de thoradh na gcoinníollacha atá leagtha amach sa liosta a chomhlíonadh, má úsáidtear é le linn monarú táirge eile, na coinníollacha sin atá infheidhme maidir leis an táirge ina n-ionchorpraítear é ní bheidh feidhm acu maidir leis agus ní chuirfear san áireamh na hábhair neamhthionscnaimh is féidir a úsáideadh le linn a mhonaraithe.

3. D'ainneoin mhíreanna 1 agus 2, féadfar úsáid a bhaint as ábhair neamhthionscnaimh nár cheart, de réir na gcoinníollacha atá sa liosta, a úsáid le linn mhonarú táirge áirithe ar choinníoll:
- (a) nach mó a luach iomlán ná 10 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha; agus
 - (b) nach sárófar aon cheann de na céatadán atá leagtha síos sa liosta i gcáil uasluacha ábhar neamhthionscnaimh de thoradh an mhír seo a chur i bhfeidhm.

Níor cheart feidhm a bheith ag an mír seo maidir le táirgí a thagann faoi réim chaibidlí 50 go 63 den Chóras Comhchuibhithe.

4. Beidh feidhm ag míreanna 1, 2 agus 3 faoi réir fhorálacha Airteagal 7.

AIRTEAGAL 7

Oibríochtaí Neamhleora maidir le hOibriú nó Próiseáil⁴

1. Gan dochar do mhír 2, measfar nach leor an t-oibriú ná an phróiseáil a dhéantar sna hoibríochtaí seo a leanas chun gur féidir stádas táirge tionscnaimh a thabhairt mar gheall orthu, bíodh ceanglais Airteagal 6 comhlíonta nó ná bíodh:
 - (a) oibríochtaí caomhnaithe lena áirithiú go bhfanann bail mhaith ar na táirgí le linn a n-iompair agus a stórála;
 - (b) pacáistí a bhriseadh suas agus a chóimeáil;
 - (c) ní glanadh; deannach, ocsaíd, ola, péint nó cumhdaigh eile a bhaint;
 - (d) teicstílí a iarnáil nó a phreasáil;
 - (e) oibríochtaí simplí péinteála agus snasúcháin;
 - (f) gránaigh agus rís a scileadh, a roiseadh, a thuaradh i bpáirt nó ina n-iomláine, a snasadh agus a ghlórnú;

⁴ Chun críche an airteagail seo, is iondúil go ndéanann ‘simplí’ cur síos ar ghníomhaíochtaí nach bhfuil gá acu le scileanna speisialta ná maisíní, gléasra nó trealamh a tháirgtear nó a shuiteáiltear go speisialta chun an ghníomhaíocht a dhéanamh. Ní áirítear imoibriú ceimiceach le meascadh simplí. Ciallaíonn imoibriú ceimiceach próiseas (lena n-áirítear próiseas bithcheimiceach) as a dtagann móilín ag a bhfuil struchtúr nua de thoradh naisc idirmhóilíneacha a bhriseadh agus naisc idirmhóilíneacha nua a dhéanamh, nó leagan amach spásúil na n-adamh i móilín a athrú.

- (g) oibríochtaí lena ndéantar siúcra a dhathú nó a bhlaistiú nó lena ndéantar cnapshiúcra; siúcra gránaithe a mheilt go páirteach nó ina iomláine;
- (h) torthaí, cnónna agus glasraí a scilligeadh, an craiceann a bhaint díobh agus na clocha a bhaint astu;
- (i) géarú, meilt shimplí nó gearradh simplí;
- (j) criathrú, síothlú, sórtáil, aicmiú, grádú, meaitseáil (lena n-áirítear tacair earraí a dhéanamh);
- (k) an táirge a chur go simplí i mbuidéil, i gcannaí, i bhfleascáin, i málaí, i gcásanna, i mboscaí, a dhaingniú ar chartaí nó ar chláir, agus gach oibríocht pacáistithe shimplí eile;
- (l) marcanna, lipéid, suaitheantais agus comharthaí idirdhealaithe den chineál sin a ghreamú de tháirgí nó dá bpacáistíocht nó iad a phriontáil⁵ orthu;

⁵ Ní mheasfar gur oibríocht neamhleor maidir le hoibriú nó próiseáil de réir bhrí Airteagal 7 mír 1 é má phriontáiltear marcanna, lipéid, lógónna agus comharthaí idirdhealaitheacha den sórt sin ar pháipéar nó ar fhoshraith phlaisteach, i gcás inarb ionann an t-earra clóite a eascraíonn as sin agus an táirge deiridh atá le honnmhairiú faoi fhabhair. Mar shampla: lipéid fhéinghreamaitheacha a mhonarú agus a onnmhairiú; nó pacáistíocht lipéadaithe a mhonarú agus a onnmhairiú le haghaidh earraí, amhail málaí sceallóg prátaí plaisteacha. Mar sin féin, má mheastar nach leor an oibríocht, ní chiallaíonn sé sin go measfar ag an am céanna go dtugtar tionscnamh go huathoibríoch leis an oibríocht sin. Chuige sin, ní mór an riail shonrach i bhFoscábhinn 2 maidir leis an táirge lena mbaineann a chomhlíonadh.

- (m) táirgí, a mheascadh go simplí, bídís ina dtáirgí de chineálacha éagsúla nó ná bídís; siúcra a mheascadh le haon ábhar eile;
- (n) codanna d'earraí a chóimeáil go simplí chun earra iomlán a dhéanamh nó táirgí a dhíchóimeáil ina gcodanna;
- (o) ainmhithe a mharú; agus
- (p) teaghlaim de dhá cheann nó níos mó de na hoibríochtaí a luaitear go sonrach i bhfomhíreanna (a) go (o).

2. Na hoibríochtaí uile a dhéantar san Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir ar tháirge áirithe, cuirfear san áireamh iad tráth a chinnfear an bhfuil an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar an táirge sin neamhleordhóthanach de réir bhrí mhír 1.

AIRTEAGAL 8

Aonad Incháilitheachta

1. Is é a bheidh san aonad incháilitheachta le haghaidh chur i bhfeidhm fhorálacha na hIarscríbhíne seo an táirge sonracha a meastar gurb é an bunaonad é agus an t-aicmiú á chinneadh le hainmníocht an Chórais Comhchuibhithe. Dá bhrí sin:
 - (a) i gcás ina ndéantar táirge, ar táirge é atá déanta as grúpa earraí nó as comhthiomsú earraí, a aicmiú faoi aon cheannteideal amháin de réir théarmaí an Chórais Comhchuibhithe, is é an táirge ina iomláine atá san aonad incháilitheachta; agus
 - (b) nuair a bhíonn i gcoinsíneacht líon táirgí comhionanna atá aicmithe faoin gceannteideal céanna den Chóras Comhchuibhithe, ní mór gach táirge aonair a chur san áireamh agus forálacha na hIarscríbhíne seo á gcur i bhfeidhm.
2. I gcás ina n-áireofar, de réir Riail Ghinearálta 5 den Chóras Comhchuibhithe, an phacáistíocht in éineacht leis an táirge chun críocha aicmithe, áireofar í chun an áit tionscnaimh a chinneadh⁶.

⁶ Nuair a cháilíonn na táirgí mar tháirgí a fuarthas go hiomlán, ní chuirfear an phacáistíocht san áireamh chun tionscnaimh a chinneadh.

AIRTEAGAL 9

Gabhálais, Páirteanna Spártha agus Uirlisí

Gabhálais, páirteanna breise agus uirlisí a sheoltar in éineacht le píosa trealaimh, meaisín, fearas nó feithicil, ar cuid den ghnáth-threalamh iad agus atá ar áireamh i bpraghas an ghnáth-threalaimh nó nach bhfuil sonrasc ar leith ag gabháil leo, measfar gur cuid den phíosa trealaimh, den inneall, den fhearas nó den fheithicil sin iad.

AIRTEAGAL 10

Tacair

Maidir le tacair, mar atá sainmhínithe i Riail Ghinearálta 3 den Chóras Comhchuibhithe, measfar gur tacair thionscnaimh iad más páirteanna tionscnaimh na páirteanna uile iontu. Dá ainneoin sin, i gcás ina bhfuil idir tháirgí tionscnaimh agus táirgí neamhthionscnaimh i dtacar, measfar gur tacar tionscnaimh an tacar ina iomláine, ar choinníoll nach mó luach na dtáirgí neamhthionscnaimh ná 15 faoin gcéad de phraghas an tacair díreach ón monarcha.

AIRTEAGAL 11

Eilimintí Neodracha

Chun a chinneadh an táirge tionscnaimh é táirge, ní bheidh sé riachtanach tionscnamh na n-eilimintí seo a leanas, ar féidir iad a úsáid le linn an mhonaraithe, a chinneadh:

- (a) fuinneamh agus breosla;
- (b) gléasra agus trealamh;
- (c) meaisíní agus uirlisí; nó
- (d) earraí nach dtéann isteach agus nach bhfuil ceaptha dul isteach i gcomhdhéanamh deiridh an táirge.

ROINN 3

CEANGLAIS CHRÍCHE

AIRTEAGAL 12

Prionsabal an Chríochachais

1. Ní mór na coinníollacha atá leagtha amach i Roinne 2 den Iarscríbhinn seo maidir le stádas tionscnaimh a fháil a chomhlíonadh gan bhriseadh san Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir.
2. Má dhéantar táirgí tionscnaimh a onnmhairíodh ón Aontas Eorpach nó ó na tíortha Aindéacha is sínitheoirí go tír eile nach Páirtí sa Chomhaontú seo í a chur ar ais, measfar gur táirgí neamhthionscnaimh iad, mura féidir an méid seo a leanas a léiriú chun sástacht na n-údarás custaim:
 - (a) gurb iad na hearraí a cuireadh ar ais na hearraí céanna a onnmhairíodh; agus
 - (b) nach ndearnadh aon oibríocht orthu thar mar is gá chun bail mhaith a choimeád orthu le linn dóibh bheith sa tír sin nó le linn a n-onnmhairithe.

AIRTEAGAL 13

Dír-iompar

1. Níl feidhm ag an gcóir fhabhrach dá bhforáiltear faoin gComhaontú seo ach amháin maidir le táirgí a chomhlíonann ceanglais na hIarscríbhíne seo, ar táirgí iad a iompraítear go díreach idir an tAontas Eorpach agus an tír Aindéach is sínitheoir. Dá ainneoin sin, féadfar táirgí a iompar trí chríocha eile agus, más gá, a athlastáil nó a thrádstóráil go sealadach sna críocha sin, ar choinníoll go gcoinneofar faoi fhaireachán na n-údarás custaim sa tír thrasdula nó thrádstórála sealadaí iad agus nach ndéanfar oibríochtaí orthu seachas díluchtú, athluchtú nó aon oibríocht atá ceaptha bail mhaith a choimeád orthu.
2. Féadfar táirgí tionscnaimh a iompar trí phíblíne trasna críche seachas an tAontas Eorpach nó tír Aindéach is sínitheoir.
3. Mar fhianaise gur comhlíonadh na coinníollacha atá leagtha amach i míreanna 1 agus 2, tíolacfar d'údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir, arna iarraidh sin, :
 - (a) doiciméid iompair, amhail billí aerbhealaigh, billí luchta, lastliosta, nó doiciméid ilmhódacha, nó doiciméid iompair chomhcheangailte, lena ndeimhnítear iompar ón tír thionscnaimh chuig an bPáirtí is allmhaireoir;

- (b) doiciméid chustaim lena n-údaraítear an trasloingsiú nó an stóráil shealadach; nó
- (c) ina n-éagmais sin, aon doiciméid chruthúnais.

AIRTEAGAL 14

Taispeántais

1. Táirgí tionscnaimh a chuirtear lena dtaispeáint i dtír seachas san Aontas Eorpach nó sna tíortha Aindéach is sínitheoir agus a dhíoltar tar éis an taispeántais lena n-allmhairiú isteach san Aontas Eorpach nó sna tíortha Aindéach is sínitheoir, beidh forálacha an Chomhaontaithe seo ina sochar acu tráth a n-allmhairithe ar choinníoll go léireofar chun sástacht na n-údarás custaim:
 - (a) gur choinsínigh onnmhaireoir na táirgí sin ón Aontas Eorpach nó ó na tíortha Aindéacha is sínitheoir chuig an tír ina raibh an taispeántas ar siúl agus gur thaispeáin sé ann iad;
 - (b) go ndearna an t-onnmhaireoir sin na táirgí a dhíol nó a dhiúscairt ar dhóigh eile le duine san Aontas Eorpach nó sna tíortha Aindéach is sínitheoir;
 - (c) gur coinsíníodh na táirgí, le linn an taispeántais nó go díreach tar éis an taispeántais sa stát ar seoladh isteach ann iad lena dtaispeáint; agus

(d) nár úsáideadh na táirgí, ó coinsíníodh iad lena dtaispeáint, chun aon chríche seachas chun iad a léiriú ag an taispeántas.

2. Ní mór cruthúnas ar thionscnamh a eisiúint nó a tharraingt suas i gcomhréir le forálacha Roinn 4 agus cuirfear isteach chuig údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir ar an ngnáthmhodh é. Ní mór ainm agus seoladh an taispeántais a lua air. Más gá, féadfar fianaise dhoiciméadach eile a éileamh maidir leis na coinníollacha inar taispeánadh na hearraí.
3. Beidh feidhm ag mír 1 maidir le haon taispeántas trádála, tionscail, talmhaíochta nó ceardaíochta, aon aonach nó léiriú nó taispeántas poiblí chomhchosúil nach n-eagraítear chun críocha príobháideacha i siopaí nó in áitribh ghnó d'fhonn táirgí eachtrannacha a dhíol agus a bhfanann na táirgí faoi rialú custaim lena linn.

ROINN 4

CRUTHÚNAS AR THIONSCNAMH

AIRTEAGAL 15

Ceanglais Ghinearálta

1. Maidir le táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh, ar iad a allmhairiú isteach i dTíortha Aindéacha is sínitheoirí, agus táirgí de thionscnamh Tíre Aindéi is sínitheoir, tairbheoidh siad den Chomhaontú seo, tráth a n-allmhaireofar isteach san Aontas Eorpach iad, ach iad seo a leanas a chur i láthair, i gcomhréir le dlí intíre an Pháirtí is allmhaireoir:
 - (a) deimhniú gluaiseachta EUR.1, a bhfuil sampla de i bhFoscúbhinn 3; nó
 - (b) sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 20(1), (dá ngairtear an ‘dearbhu sonraisc’ anseo feasta), arna thabhairt ag an allmhaireoir ar shonrasc, ar nóta seachadta nó ar aon doiciméad trádála eile ina bhfuil tuairisc ar na táirgí lena mbaineann agus atá mionsonraithe go leor chun iad a shainaithint; tá téacs an dearbhaithe sonraisc i bhFoscúbhinn 4.
2. D’ainneoin mhír 1, beidh forálacha an Chomhaontaithe seo ina sochar ag táirgí tionscnaimh de réir bhrí na hIarscríbhíne seo sna cásanna atá sonraithe in Airteagal 25 gan é a bheith ina cheangal aon cheann de na doiciméid dá dtagraítear thuas a chur isteach.

AIRTEAGAL 16

Nós imeachta maidir le Deimhniú Gluaiseachta EUR.1 a Eisiúint

1. Eiseoidh údaráis inniúla nó údaráis chustaim an pháirtí is onnmhaireoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 ar iarratas i scríbhinn ón onnmhaireoir nó, faoi fhreagracht an onnmhaireora, óna ionadaí údaráithe.
2. Chun críocha mhír 1, líonfaidh an t-onnmhaireoir nó a ionadaí údaráithe isteach an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an fhoirm iarratais, a bhfuil samplaí díobh i bhFoscscríbhinn 3, araon. Líonfar isteach na foirmeacha sin in aon cheann na teangacha a liostaítear in Airteagal 337 den Chomhaontú seo agus i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta an Pháirtí is onnmhaireoir. Má líontar isteach de láimh iad, is le dúch agus sa chás uachtair a dhéanfar sin. Ní mór an tuairisc ar na táirgí a chur sa bhosca atá ann chun na críche sin gan aon líne a fhágáil bán. Mura mbeidh an bosca líonta isteach ina iomláine, ní mór líne cothrománach a tharraingt faoi bhun líne dheireanach na tuairisce agus crosálfar an spás bán.
3. Déanfaidh an t-onnmhaireoir atá ag déanamh iarratais ar eisiúint deimhniú gluaiseachta EUR.1, i dtráth ar bith, ar iarratas ó údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir ina n-eisítear an deimhniú gluaiseachta EUR.1, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí lena mbaineann agus gur comhlíonadh na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo.

4. Eiseoidh údarás poiblí inniúil de chuid Ballstáit den Aontas Eorpach nó de chuid na dtíortha Aindéacha is sínitheoir deimhniú gluaiseachta EUR.1 más féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nó na dtíortha Aindéacha is sínitheoir iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile na hIarscríbhíne seo.
5. Déanfaidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim a eiseoidh na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 aon bheart is gá chun stádas tionscnaimh na dtáirgí agus comhlíonadh na gceanglas eile atá san Iarscríbhinn seo a fhíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart ag na húdaráis sin aon fhianaise a iarraidh agus iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó aon seiceáil eile a dhéanamh a mheasfar is iomchuí. Áiritheoidh na húdaráis sin gur líonadh isteach go hiomchuí na foirmeacha dá dtagraítear i mír 2. Go háirithe, seiceálfaidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim ar líonadh isteach an spás le haghaidh na tuairisce ar na táirgí ar dhóigh nach féidir cur leis go calaoiseach in aon chor.
6. Beidh dáta eisiúna an deimhnithe gluaiseachta EUR.1 luaite ar an deimhniú i mbosca 11.
7. Eiseoidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus cuirfear ar fáil don onnmhaireoir é a luaithe a bheidh fíor-onnmhairiú déanta nó áirithithe.

AIRTEAGAL 17

Deimhniú gluaiseachta EUR.1 arna eisiúint go cúlghabhálach

1. D'ainneoin Airteagal 16(7), féadfar deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go heisceachtúil tar éis onnmhairiú na dtáirgí lena mbaineann sé i gcás:
 - (a) nár eisíodh deimhniú gluaiseachta tráth an onnmhairiúcháin de dheasca earráidí nó easnaimh neamhdheonacha nó dálaí eisceachtúla; nó
 - (b) go léireofar chun sástacht na n-údarás inniúil nó na n-údaráis custaim gur eisíodh deimhniú gluaiseachta EUR.1 ach nár glacadh leis tráth an allmhairiúcháin ar chúiseanna teicniúla.
2. Chun mír 1 chur chun feidhme, luafaidh an t-onnmhaireoir san iarratas áit agus dáta onnmhairiú na dtáirgí a mbaineann an deimhniú gluaiseachta EUR.1 leo agus na cúiseanna atá leis an iarraidh atá déanta aige.
3. Ní fhéadfaidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint go cúlghabhálach ach tar éis dóibh a fhíorú go bhfuil an fhaisnéis atá in iarratas an onnmhaireora ag teacht leis an bhfaisnéis sa chomhad a chomhfhreagraíonn don iarratas sin.

4. Beidh an frása seo a leanas scríofa mar fhormhuiniú ar dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 a eisítear go cúlghabhálach:

BG	‘ИЗДАДЕН ВПОСЛЕДСТВИЕ’
ES	‘EXPEDIDO A POSTERIORI’
CS	‘VYSTAVENO DODATEČNE’
DA	‘UDSTEDT EFTERFØLGENDE’
DE	‘NACHTRÄGLICH AUSGESTELLT’
ET	‘TAGANTJÄRELE VÄLJA ANTUD’
EL	‘ΕΚΔΟΘΕΝ ΕΚ ΤΩΝ ΥΣΤΕΡΩΝ’
EN	‘ISSUED RETROSPECTIVELY’
FR	‘DÉLIVRÉ A POSTERIORI’
IT	‘RILASCIATO A POSTERIORI’
LV	‘IZSNIEGTS RETROSPEKTĪVI’
LT	‘RETROSPEKTYVUSIS IŠDAVIMAS’
HU	‘KIADVA VISSZAMENŐLEGES HATÁLLYAL’
MT	‘MAHRUG RETROSPETTIVAMENT’
NL	‘AFGEGEVEN A POSTERIORI’
PL	‘WYSTAWIONE RETROSPEKTYWNIE’
PT	‘EMITIDO A POSTERIORI’
RO	‘EMIS A POSTERIORI’
SK	‘VYDANÉ DODATOČNE’
SL	‘IZDANO NAKNADNO’
FI	‘ANNETTU JÄLKIKÄTEEN’
SV	‘UTFÄRDAT I EFTERHAND’

5. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 4 isteach sa bhosca dar teideal ‘Nótaí’ sa deimhniú gluaiseachta EUR.1.

AIRTEAGAL 18

Dúblach de Dheimhniú Gluaiseachta EUR.1 a Eisiúint

1. Má goideadh, má cailleadh nó má scriosadh deimhniú gluaiseachta EUR.1, féadfaidh an t-onnmhaireoir iarratas ar dhúblach a chur isteach chuig an údarás inniúil nó an t-údarás custaim a d’eisigh an deimhniú sin, ar dúblach é a dhéanfar ar bhonn na ndoiciméad onnmhairiúcháin atá ina seilbh.
2. Déanfar an dúblach a eiseofar de bhun mhír 1 a fhorhuiniú le ceann amháin de na focail seo a leanas:

BG ‘ДУБЛИКАТ’

ES ‘DUPLICADO’

CS ‘DUPLIKÁT’

DA ‘DUPLIKAT’

DE ‘DUPLIKAT’

ET ‘DUPLIKAAT’

EL ‘ΑΝΤΙΓΡΑΦΟ’

EN ‘DUPLICATE’

FR ‘DUPLICATA’

IT ‘DUPLICATO’

LV ‘DUBLIKĀTS’
LT ‘DUBLIKATAS’
HU ‘MÁSODLAT’
MT ‘DUPLIKAT’
NL ‘DUPLICAAT’
PL ‘DUPLIKAT’
PT ‘SEGUNDA VIA’
RO ‘DUPLICAT’
SK ‘DUPLIKÁT’
SL ‘DVOJNIK’
FI ‘KAKSOISKAPPALE’
SV ‘DUPLIKAT’

3. Cuirfear an formhuiniú dá dtagraítear i mír 2 isteach sa bhosca dar teideal ‘Nótaí’ den deimhniú gluaiseachta EUR.1.
4. Ní mór do dháta eisiúna an bhundeimhnithe gluaiseachta EUR.1 a bheith scríofa ar an dúblach agus beidh feidhm aige ón dáta sin ar aghaidh.

AIRTEAGAL 19

Deimhnithe Gluaiseachta EUR.1 a eisiúint ar Bhonn Cruthúnas ar Thionscnamh a Eisíodh nó a Tarraingíodh Suas Roimhe sin

I gcás ina gcuirtear táirgí faoi rialú údaráis custaim san Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir, féadfar ceann amháin nó níos mó de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 a úsáid in ionad an bhunchruthúnais ar thionscnamh chun na táirgí sin uile, nó cuid acu, a sheoladh chuig áit eile laistigh den Aontas Eorpach nó den tír Aindéach is sínitheoir. Is é an t-údarás inniúil nó an t-údarás custaim, sa chás deiridh seo, a bhfuil na táirgí curtha faoina rialú a eiseoidh an deimhniú nó na deimhnithe gluaiseachta athsholáthair EUR.1.

AIRTEAGAL 20

Coinníollacha maidir le Dearbhú Sonraisc a Tharraingt Suas

1. Féadfaidh na daoine seo a leanas dearbhú sonraisc dá dtagraítear in Airteagal 15, fomhír (1)(b), a tharraingt suas:
 - (a) onnmhaireoir formheasta de réir bhrí Airteagal 21, nó
 - (b) aon onnmhaireoir i gcás aon choinsíneacht arb éard atá inti pacáiste amháin nó níos mó ina bhfuil táirgí tionscnaimh nach mó a luach iomlán ná EUR 6 000.

2. Féadfar dearbhú sonraisc a tharraingt suas más féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh Páirtí iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile na hIarscríbhíne seo.
3. Beidh an t-onnmhaireoir atá ag tarraingt suas dearbhú sonraisc, ullamh i dtráth ar bith, ar iarratas ó údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir, na doiciméid iomchuí uile a chur ar fáil ina bhfuil cruthúnas ar stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann agus ar chomhlíonadh cheanglais eile na hIarscríbhíne seo.
4. Is é an t-onnmhaireoir a tharraingeoidh an dearbhú sonraisc suas tríd an dearbhú, a bhfuil a théacs i bhFoscríbhinn 4, a chlósáil, a stampáil nó a phriontáil ar an sonrasc, ar an nóta seachadta nó ar aon doiciméad trádála eile, ag úsáid ceann de na leaganacha teanga atá leagtha amach san Fhoscríbhinn thuasluaite i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta an Pháirtí is onnmhaireoir. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus sa chás uachtair a dhéanfar sin.
5. Beidh bunsíniú an onnmhaireora lámhscríofa ar dhearbhuíthe sonraisc. Dá ainneoin sin, ní bheidh ar onnmhaireoir formheasta de réir bhrí Airteagal 21 na dearbhuithe sin a shíniú ar choinníoll go dtugann an t-onnmhaireoir gealltanas i scríbhinn d'údaráis inniúla nó d'údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir go nglacann sé freagracht iomlán as aon dearbhú sonraisc ar a bhfuil sé aitheanta, mar a bheadh sé sínithe de láimh aige.
6. Féadfaidh an t-onnmhaireoir dearbhú sonraisc a tharraingt suas tráth a onnmhaireofar na táirgí a mbaineann sé leo, nó tar éis a n-onnmhairithe ar choinníoll go dtíolacfar é sa Pháirtí is onnmhaireoir tráth nach déanaí ná 2 bhliain tar éis allmhairiú na dtáirgí a mbaineann sé leo.

AIRTEAGAL 21

Onnmhaireoir formheasta

1. Féadfaidh údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir údarás a thabhairt d'aon onnmhaireoir, (dá ngairtear anseo feasta 'onnmhaireoir formheasta') a sheolann táirgí go minic faoin gComhaontú seo, dearbhuithe sonraisc a tharraingt suas gan beann ar luach na dtáirgí lena mbaineann. An t-onnmhaireoir a bhfuil údarú den sórt sin á lorg aige, ní mór dó na ráthaíochtaí uile a thabhairt chun sástacht na n-údarás inniúil nó na n-údarás custaim is gá chun a fhíorú go bhfuil stádas tionscnaimh ag na táirgí agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo.
2. Féadfaidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim stádas onnmhaireora fhormheasta a thabhairt faoi réir aon choinníollacha a mheasann siad a bheith iomchuí.
3. Tabharfaidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim uimhir údarúcháin don onnmhaireoir formheasta agus beidh sí le feiceáil ar an dearbhú sonraisc.
4. Déanfaidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim faireachán ar úsáid an údaráithe ag an onnmhaireoir formheasta.

5. Féadfaidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim an t-údarú a tharraingt siar tráth ar bith. Déanfaidh na húdaráis sin amhlaidh mura mbeidh an t-onnmhaireoir ag tabhairt na ráthaíochtaí dá dtagraítear i mír 1 a thuilleadh, mura mbeidh sé ag comhlíonadh na gcoinníollacha dá dtagraítear i mír 2 nó má bhaineann sé úsáid mhícheart as an údarú ar bhealach eile.

AIRTEAGAL 22

Bailíocht an Chruthúnais Tionscnaimh

1. Beidh cruthúnas ar thionscnamh bailí go ceann 12 mhí ón dáta a n-eiseofar deimhniú gluaiseachta EUR.1, nó ón dáta a tharraingítear suas dearbhú sonraisc sa Pháirtí is onnmhaireoir. Ní mór cruthúnas tionscnaimh den sórt sin a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir laistigh den tréimhse sin, i gcomhréir lena dhlí náisiúnta.
2. Cruthúnas ar thionscnamh a chuirfear faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir tar éis an dáta deiridh lena dtíolacadh mar atá sonraithe i mír 1, féadfar iad a ghlacadh chun cóir fhabhrach a thabhairt más de thoradh imthosca eisceachtúla nár cuireadh na doiciméid sin isteach faoin dáta deiridh a bhí socraithe.

3. I gcásanna eile inar tíolacadh na táirgí go déanach, féadfaidh údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir na cruthúnais ar thionscnamh a ghlacadh, i gcomhréir lena ndlí intíre i gcás inar cuireadh na táirgí isteach roimh an dáta deiridh sin.
4. Chun críocha míreanna 2 agus 3 a chur i bhfeidhm, mura gcuirfear cruthúnas ar thionscnamh i láthair tráth an allmhairithe, ní mór don allmhaireoir a dhearbhu d'údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir go bhfuil sé ar intinn aige cóir fhabhrach taraife a iarraidh le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann.

AIRTEAGAL 23

Cruthúnas ar Thionscnamh a Chur Isteach

Cuirfear cruthúnas tionscnaimh faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir i gcomhréir leis na nósanna imeachta is infheidhme sa Pháirtí sin. Féadfaidh na húdaráis sin aistriúchán ar chruthúnas ar thionscnamh a éileamh agus féadfaidh siad a éileamh go mbeidh ráiteas ón allmhaireoir ag gabháil leis an dearbhú allmhairiúcháin ina bhfuil sé ráite go gcomhlíonann na táirgí na coinníollacha a éilítear chun tairbhe a bhaint as cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo.

AIRTEAGAL 24

Allmhairiú i dTráthchodanna

I gcás ina ndéanfar, ar iarratas ón onnmhaireoir agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos ag údarais chustaim an Pháirtí is allmhaireoir, táirgí ar táirgí iad atá díchoimeáilte nó neamhchoimeáilte de réir bhrí Riall Ghinearálta 2(a) den Chóras Comhchuibhithe faoi chuimsiú Roinn XVI agus Roinn XVII nó cheannteideal 7308 agus cheannteideal 9406 den Chóras Comhchuibhithe, i gcás ina ndéanfar táirgí den sórt sin a allmhairiú i dtráthchodanna, cuirfear aon chruthúnas ar thionscnamh amháin faoi bhráid na n-údarás custaim tráth a allmhaireofar an chéad tráthchuid.

AIRTEAGAL 25

Díolúintí ó Chruthúnas Tionscnaimh

1. Táirgí a sheolfar ina bpacáistí beaga ó dhaoine príobháideacha chuig daoine príobháideacha nó atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí, ligfear isteach i gcáil táirgí tionscnaimh iad gan cruthúnas ar thionscnamh a bheith curtha isteach, ar choinníoll nach bhfuil na táirgí sin á n-allmhairiú lena dtrádáil, gur dearbhaíodh go gcomhlíonann siad ceanglais na hIarscríbhíne seo agus nach bhfuil aon amhras ann go bhfuil an dearbhú sin fíor. I gcás táirgí a sheoltar tríd an bpost, féadfar an dearbhú sin a dhéanamh ar an dearbhú custaim nó ar leathanach páipéir i gceangal leis an doiciméad sin.

2. Allmhairí atá ócáideach agus nach bhfuil iontu ach táirgí lena n-úsáid go pearsanta ag na faighteoirí nó na taistealaithe nó a dteaghlach, ní mheasfar gur allmhairí lena dtrádáil iad más léir ar chineál agus ar chainníocht na dtáirgí nach bhfuil aon chríoch thrádála beartaithe dóibh.
3. Ní rachaidh luach iomlán na dtáirgí dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 thar an méid seo a leanas:
 - (a) le haghaidh allmhairiúcháin isteach san Aontas Eorpach, EUR 500 i gcás pacáistí beaga nó EUR 1 200 i gcás táirgí ar cuid de bhagáiste pearsanta taistealaithe iad;
 - (b) le haghaidh allmhairiúcháin isteach i dtír Aindéach is sínitheoir, 2 000 USD i gcás pacáistí beaga nó 1 000 USD i gcás táirgí atá ina gcuid de bhagáiste pearsanta taistealaí.
4. Chun críocha mhír 3, i gcásanna ina sonrasctar na táirgí in airgeadra seachas an euro nó dollar SAM, déanfar méideanna in airgeadraí náisiúnta na bPáirtithe atá coibhéiseach leis na méideanna arna sloinneadh in euro nó i ndollair SAM a shocrú i gcomhréir leis an ráta malairte reatha is infheidhme sa Pháirtí is allmhaireoir.

AIRTEAGAL 26

Doiciméid Tacaíochta

Doiciméid dá dtagraítear in Airteagail 16, mír 3 agus 20, mír 3 a úsáidtear chun a chruthú gur féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh Páirtí iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad na ceanglais eile atá san Iarscríbhinn seo, féadfar na nithe seo a leanas, *inter alia*, a bheith i gceist leo:

- (a) fianaise dhíreach ar na próisis a rinne an t-onnmhaireoir nó an soláthraí chun na hearraí lena mbaineann a fháil, ar fianaise í atá, mar shampla, ina chuntais nó ina leabharchoimeád inmheánach;
- (b) doiciméid lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, a eisíodh nó a tarraingíodh suas san Aontas Eorpach nó sna tíortha Aindéach is sínitheoir, i gcás ina n-úsáidtear na doiciméid sin i gcomhréir leis an dlí intíre;
- (c) doiciméid lena gcruthaítear an t-oibriú nó an phróiseáil a rinneadh ar ábhair in TCTL, san Aontas Eorpach nó sna tíortha Aindéach is sínitheoirí, a eisíodh nó a tarraingíodh suas san Aontas Eorpach nó sna tíortha Aindéach is sínitheoirí, i gcás ina n-úsáidtear na doiciméid sin i gcomhréir leis an dlí intíre; nó
- (d) deimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó dearbhuithe sonraisc lena gcruthaítear stádas tionscnaimh na n-ábhar a úsáideadh, a eisíodh nó a tarraingíodh suas i bPáirtí i gcomhréir leis an Iarscríbhinn seo.

AIRTEAGAL 27

An Cruthúnas ar Thionscnamh agus na Doiciméid Tacaíochta a Chaomhnú

1. An t-onnmhaireoir a dhéanfaidh iarratas ar dheimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint, coimeádfaidh sé na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 16, mír 3 ar feadh 3 bliana ar a laghad.
2. An t-onnmhaireoir a dhéanfaidh dearbhú sonraisc, coimeádfaidh sé cóip den dearbhú sonraisc sin mar aon leis na doiciméid dá dtagraítear in Airteagal 20, mír 3 ar feadh 3 bliana ar a laghad.
3. Údaráis inniúla agus údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir a dhéanfaidh deimhniú gluaiseachta EUR.1 a eisiúint, coimeádfaidh sé an fhoirm iarratais dá dtagraítear in Airteagal 16, mír 2 ar feadh 3 bliana ar a laghad.
4. Údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir nó an allmhaireora, de réir dhlí náisiúnta an Pháirtí is allmhaireoir, coimeádfaidh siad na deimhnithe gluaiseachta EUR.1 agus na dearbhuithe tionscnaimh a tiolacadh dóibh ar feadh 3 bliana ar a laghad.

AIRTEAGAL 28

Neamhréireachtaí agus Earráidí Foirmiúla

1. I gcás ina dtiocfar ar neamhréitigh bheaga idir na ráitis a rinneadh sa chruthúnas ar thionscnamh agus na ráitis a rinneadh sna doiciméid a cuireadh isteach chuig an oifig chustaim chun na foirmiúlachtaí a chomhlíonadh maidir leis na táirgí sin a allmhairiú, ní chuirfidh sin an cruthúnas ar thionscnamh ar neamhní ar fad ipso facto má chruthaítear go hiomchuí go bhfreagraíonn an doiciméad sin do na táirgí a tiolacadh.
2. Níor chóir an doiciméad seo a dhiúltú de bharr earráidí foirmiúla amhail earráidí cló ar chruthúnas tionscnaimh mura dtagann amhras as na hearráidí sin maidir le cruinneas na ráiteas arna ndéanamh sa doiciméad sin.

AIRTEAGAL 29

Méideanna arna Sloinneadh in Euro

1. Chun forálacha Airteagal 20, fomhír 1(b) agus Airteagal 25, mír 3 a chur i bhfeidhm i gcásanna ina sonrasctar táirgí in airgeadra seachas euro, déanfaidh an tAontas Eorpach suimeanna in airgeadraí náisiúnta Bhallstáit an Aontais Eorpaigh atá coibhéiseach leis na suimeanna arna sloinneadh in euro a shocrú go bliantúil agus a chur faoi bhráid na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí.

2. Tairbheoidh coinsíneacht d'fhorálacha fhomhír 1(b) d'Airteagal 20 nó mhír 3 d'Airteagal 25 a bhfuil mar thagairt aici an t-airgeadra ina dtarraingítear suas an sonrasc, de réir na suime a shocróidh an tAontas Eorpach.
3. Beidh na méideanna atá le húsáid in aon airgeadra náisiúnta ar leith de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh coibhéiseach san airgeadra sin leis na méideanna arna sloinneadh in euro an chéad lá oibre de mhí Dheireadh Fómhair. Cuirfidh an Coimisiún Eorpach na méideanna sin in iúl do na Tíortha Aindéacha is sínitheoirí faoin 15 Deireadh Fómhair agus beidh feidhm ag na méideanna sin amhail ón 1 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin.
4. An méid a thagann mar thoradh ar chomhshódh an mhéid arna shloinneadh in euro isteach in airgeadra náisiúnta Ballstáit den Aontas Eorpach, féadfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh é a shlánú suas nó síos. Ní ceadmhach difear níos mó ná 5 faoin gcéad a bheith idir an tsuim arna comhshó agus an tsuim arna slánú. Féadfaidh Ballstáit an Aontais Eorpaigh an choibhéis ina airgeadra náisiúnta féin den tsuim arna sloinneadh in euro a choinneáil má thagann méadú níos lú ná 15 faoin gcéad ar an gcoibhéis ina airgeadra náisiúnta féin as comhshó na suime sin, sula ndéanfar aon slánú uirthi tráth an choigeartaithe bhliantúil dá bhforáiltear i mír 3. Féadfar gan an choibhéis in airgeadra náisiúnta na tíre a athrú más rud é go dtiocfadh laghdú ar an luach coibhéiseach sin de thoradh a comhshóite.
5. Déanfaidh an Fochoiste na méideanna arna sloinneadh in euro a athbhreithniú ar iarratas ó Pháirtí. Agus an t-athbhreithniú sin á dhéanamh aige, cuirfidh an Fochoiste san áireamh a inmhianaithe atá sé éifeachtaí na dteorann atá i gceist a choimeád i dtéarmaí réadacha. Chun na críche sin, féadfaidh an Fochoiste na suimeanna arna sloinneadh in euro a mhodhnú.

ROINN 5

SOCRUITHE MAIDIR LE COMHAR RIARACHÁIN

AIRTEAGAL 30

Comhoibriú i Measc Na nÚdarás Inniúil

1. Cuirfidh údaráis inniúla nó údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí ar fáil dá chéile, tríd an gCoimisiún Eorpach, clónna samplacha de stampaí a úsáidtear ina n-oifigí le haghaidh eisiúint deimhnithe gluaiseachta EUR.1, agus seoltaí na n-údarás poiblí inniúil ar a bhfuil an fhreagracht maidir le fíorú na ndeimhnithe agus na ndearbhuithe sonraisc sin.
2. Cuirfidh údaráis inniúla nó údaráis chustaim Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na dTíortha Aindéacha is sínitheoirí faisnéis ar fáil dá chéile, tríd an gCoimisiún Eorpach, maidir le struchtúr na n-uimhreacha údaráithe d'onnmhaireoirí formheasta. Comhoibreoidh na húdaráis inniúla agus na húdaráis chustaim, trína bpointí teagmhála, má bhíonn gá le tuilleadh comhairliúcháin maidir leis na huimhreacha sin.

3. Tabharfaidh údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí lena mbaineann fógra d'údaráis inniúla nó d'údaráis chustaim na bPáirtithe eile gan moill mhíchuí maidir le haon athrú ar na heilimintí dá dtagraítear i mír 1 nó i mír 2, agus luafaidh siad an dáta a thiocfaidh na hathruithe sin i bhfeidhm.
4. Chun a áirithiú go gcuirfear an Iarscríbhinn seo i bhfeidhm go hiomchuí, tabharfaidh an tAontas Eorpach agus na tíortha Aindéacha is sínitheoirí cúnamh dá chéile, trí na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim, maidir le seiceáil a dhéanamh ar bharántúlacht na ndeimhnithe gluaiseachta EUR.1, nó na ndearbhuithe sonraisc agus ar bharántúlacht chruinneas na faisnéise atá sna doiciméid sin.

AIRTEAGAL 31

Cruthúnais Tionscnaimh a Fhíorú

1. Déanfar fíoruithe ar chruthúnais ar thionscnamh go randamach nó i gcásanna ina bhfuil amhras réasúnta ar údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir i dtaobh bharántúlacht na ndoiciméad sin, stádas tionscnaimh na dtáirgí lena mbaineann nó comhlíonadh na gceanglas eile atá san Iarscríbhinn seo.

2. Chun críocha chur chun feidhme mhír 1, cuirfidh údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir ar ais an deimhniú gluaiseachta EUR.1 agus an sonrasc, má cuireadh isteach sonrasc, nó cóipeanna de na doiciméid sin chuig údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir agus tabharfaidh siad, más iomchuí, na cúiseanna atá leis an bhfiosrúchán. Aon doiciméid agus aon fhaisnéis a fuarthas ar féidir a thuiscint as gur míchruinn an fhaisnéis a tugadh sa chruthúnas ar thionscnamh, cuirfear ar aghaidh iad chun tacú leis an iarraidh ar fhíorú.
3. Is iad údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is onnmhaireoir a dhéanfaidh an fíorú. Chun na críche sin, beidh an ceart ag na húdaráis sin aon fhianaise a iarraidh agus iniúchadh a dhéanamh ar chuntais an onnmhaireora nó aon seiceáil eile a dhéanamh a mheasfar is iomchuí.
4. Má chinneann údaráis inniúla nó údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir an chóir fhabhrach le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann a chur ar fionraí go dtí go dtiocfaidh torthaí an fhíoraithe sin isteach, tairgfear scaoileadh na dtáirgí don allmhaireoir faoi réir aon bhearta réamhchúraim a mheastar a bheith riachtanach.
5. Cuirfear torthaí an fhíoraithe sin in iúl do na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú sin a luaithe is féidir. Ní mór a léiriú go soiléir leis na torthaí sin cibé acu atá nó nach bhfuil na doiciméid barántúil agus cibé acu is féidir nó nach féidir a mheas gur táirgí de thionscnamh Páirtí iad na táirgí lena mbaineann agus go gcomhlíonann siad ceanglais eile na hIarscríbhíne seo.

6. Más rud é, i gcás ina bhfuil amhras réasúnta ann, nach bhfuarthas aon fhreagra faoi cheann 10 mí ó dháta na hiarrata ar fhíorú, nó mura leor an fhaisnéis chun barántúlacht an doiciméid atá i gceist nó fíorthionscnamh na dtáirgí a chinneadh, ní dheonóidh na húdaráis inniúla nó na húdaráis chustaim a d'iarr an fíorú teidlíocht ar an gcóir fhabhrach ach amháin i gcásanna eisceachtúla.
7. Chun críocha an Airteagail seo, is i mBéarla nó i Spáinnis a dhéanfar cumarsáid oibre idir údaráis inniúla nó údaráis chustaim na bPáirtithe is allmhaireoirí agus na bPáirtithe is onnmhaireoirí, nó beidh aistriúchán i mBéarla nó i Spáinnis ag gabháil leo.

AIRTEAGAL 32

Réiteach Díospóidí

1. I gcásanna ina n-éireoidh díospóidí i dtaca leis na nósanna imeachta fíorúcháin a leagtar amach in Airteagal 31, ar díospóidí iad nach féidir a shocrú idir an t-údarás custaim nó an t-údarás custaim a d'iarr fíorú agus an t-údarás inniúil nó an t-údarás custaim atá freagrach as an bhfíorú sin a chur i gcrích, nó i gcás ina dtiocfaidh ceisteanna chun cinn maidir le léirmhíniú na hIarscríbhíne seo, cuirfear na díospóidí sin faoi bhráid an Fhochoiste.

2. I gcás nach gcomhaontófar réiteach sásúil, féadfaidh an Páirtí dá ndéantar difear dul i muinín an tsásra um réiteach díospóidí faoi Theideal XII (Réiteach Díospóidí) den Chomhaontú seo. Sa chás sin, cuirfear na comhairliúcháin a dhéanfar san Fhochoiste san áireamh le haghaidh an nós imeachta comhairliúcháin a bhunaítear leis an sásra um réiteach díospóidí.
3. Socrófar aon chás maidir le díospóid idir allmhaireoir agus údarás inniúil nó údarás custaim an Pháirtí allmhairiúcháin faoi reachtaíocht an Pháirtí sin.

AIRTEAGAL 33

Pionóis

Forchuirfear pionóis, i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta gach Páirtí faoi seach, ar aon duine a tharraingíonn suas, nó a chuireann faoi deara doiciméad a tharraingt suas, ina bhfuil faisnéis mhícheart chun cóir fhabhrach a fháil do tháirgí.

AIRTEAGAL 34

Saorchriosanna

1. I gcás táirgí atá á dtrádáil faoi chumhdach cruthúnais ar thionscnamh agus atá ag dul, le linn a n-iompair, trí shaorchrios ina gcríoch faoi seach, déanfaidh na Páirtithe gach beart is gá chun a áirithiú nach gcuirfear táirgí eile ina n-ionad agus nach ndéanfar láimhseáil orthu seachas gnáthoibríochtaí atá ceaptha meathlú orthu a chosc.
2. Gach dochar do mhír 1, i gcás ina ndéantar táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nó tíre Aindéi is sínitheoir a allmhairiú isteach i saorchrios atá lonnaithe ina gcríoch faoi chumhdach cruthúnas tionscnaimh agus i gcás ina ndéantar cóireáil nó próiseáil orthu, eiseoidh na húdaráis lena mbaineann deimhniú gluaiseachta nua EUR.1 ar iarratas ón onnmhaireoir, i gcás ina mbeidh an cóireáil nó an phróiseáil a rinneadh i gcomhréir le forálacha na hIarscríbhíne seo.

ROINN 6

CEUTA AGUS MELILLA

AIRTEAGAL 35

Cur i bhFeidhm na hIarscríbhíne seo

1. Ní bheidh Ceuta agus Melilla clúdaithe ag an téarma ‘Aontas Eorpach’ a úsáidtear in Airteagal 2.

2. Maidir le táirgí de thionscnamh tíre Aindéí is sínitheoir, nuair a allmhairítear isteach in Ceuta nó Melilla iad, tairbheoidh siad, ar gach slí, den chóras custaim a chuirtear i bhfeidhm i gcás táirgí de thionscnamh chríoch chustaim an Aontais Eorpaigh de réir Phrótacal 2 a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile leis na Comhphobail Eorpacha. Tabharfaidh na tíortha Aindéacha is sínitheoirí d'allmhairí táirgí a chumhdaítear leis an gComhaontú seo agus ar de thionscnamh Ceuta agus Melilla iad, an chóir chustaim chéanna agus a thugtar do tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh a allmhairítear ón Aontas Eorpach.
3. Chun mír 2 a chur i gcrích i ndáil le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, beidh feidhm ag an Iarscríbhinn seo *mutatis mutandis* faoi réir na gcoinníollacha speisialta a leagtar amach in Airteagal 36.

AIRTEAGAL 36

Coinníollacha sonracha

1. Ar choinníoll gur iompraíodh iad go díreach i gcomhréir le forálacha Airteagal 13, measfar gurb éard atá sa mhéid seo a leanas:
 - (a) táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla:
 - (i) táirgí a fuarthas go hiomlán in Ceuta agus Melilla; nó

(ii) táirgí a fuarthas in Ceuta agus Melilla, a n-úsáidtear táirgí eile seachas na táirgí dá dtagraítear in bhfomhír 1(a)(i) agus iad á monarú, ar choinníoll:

(A) go ndearnadh oibriú agus próiseáil leordhóthanach ar na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 6;

nó

(B) gur de thionscnamh tíre Aindéi nó an Aontais Eorpaigh iad na táirgí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7;

(b) táirgí de thionscnamh tíre Aindéi is sínitheoir:

(i) mar tháirgí a fuarthas go hiomlán i dTír Aindéach is sínitheoir; nó

(ii) táirgí a fuarthas i dtír Aindéach is sínitheoir, a n-úsáidtear táirgí eile seachas na táirgí dá dtagraítear in 1(b)(i) agus iad á monarú, ar choinníoll:

(A) go ndearnadh oibriú agus próiseáil leordhóthanach ar na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 6;

nó

(B) gur de thionscnamh Ceuta agus Melilla nó an Aontais Eorpaigh iad na táirgí sin, ar choinníoll go ndearnadh oibriú nó próiseáil orthu thar na hoibríochtaí dá dtagraítear in Airteagal 7.

2. Measfar gur aon chríoch amháin iad Ceuta agus Melilla.
3. Cuirfidh an t-allmhaireoir nó a ionadaí údaraithe ‘an Cholóim’ nó ‘Peiriú’ agus ‘Ceuta agus Melilla’ isteach i mBosca 2 de dheimhnithe gluaiseachta EUR.1 nó ar na dearbhuithe sonraisc. Ina theannta sin, i gcás táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla, léireofar sin i mBosca 4 de dheimhniú gluaiseachta EUR.1 nó ar na dearbhuithe sonraisc.
4. Is iad údaráis chustaim na Spáinne a bheidh freagrach as an Iarscríbhinn seo a chur i bhfeidhm in Ceuta agus in Melilla.

ROINN 7

FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

AIRTEAGAL 37

Leasuithe ar an Iarscríbhinn seo

De bhun Airteagal 13, fomhír 2(g)(iii) den Chomhaontú seo, féadfaidh an Coiste um Thrádáil a chinneadh forálacha na hIarscríbhinne seo a mhodhnú.

AIRTEAGAL 38

Forálacha Idirthréimhseacha le haghaidh Táirgí atá faoi Bhealach nó Táirgí atá á Stóráil

Féadfar an Comhaontú seo a chur i bhfeidhm maidir le táirgí a chomhlíonann forálacha na hIarscríbhinne seo agus a bheidh, ar dháta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, faoi bhealach nó atá i bPáirtí i stóráil shealadach i dtrádstórais chustaim nó i saorlimistéir, faoi réir cruthúnas ar thionscnamh arna tharraingt suas go cúlghabhálach, mar aon leis na doiciméid lena léirítear gur iompraíodh na hearraí go díreach i gcomhréir le hAirteagal 13, a chur faoi bhráid údaráis chustaim an Pháirtí is allmhaireoir laistigh de 12 mhí ón dáta sin.

FOSCRÍBHINN 1

RÉAMHNÓTAÍ LEIS AN LIOSTA I bhFOSCRÍBHINN 2

Nóta 1:

Leagtar amach sa liosta seo na coinníollacha is gá a chomhlíonadh maidir leis na táirgí go léir chun a mheas go bhfuil siad leoroibrithe nó leorphróiseáilte de réir bhrí Airteagal 6 den Iarscríbhinn seo.

Nóta 2:

- 2.1. Sa chéad dá cholún den liosta tugtar tuairisc ar an táirge a fuarthas. Sa chéad cholún tugtar uimhir an cheannteidil nó uimhir na caibidle a úsáidtear sa Chóras Comhchuibhithe agus sa dara colún tugtar tuairisc ar na hearraí a úsáidtear sa chóras sin faoin gceannteideal nó faoin gcaibidil sin. I gcás gach iontráil sa chéad dá cholún sonraítear riail i gcolún 3 nó colún 4. I gcásanna áirithe ina dtagann “ex” roimh an iontráil sa chéad cholún, ciallaíonn sé sin nach bhfuil feidhm ag na rialacha i gcolún 3 nó colún 4 ach maidir leis an gcuid den cheannteideal ar a dtugtar tuairisc i gcolún 2.
- 2.2. I gcás ina gcuirtear roinnt uimhreacha ceannteidil le chéile i ngrúpaí i gcolún 1 nó ina dtugtar uimhir caibidle agus an tuairisc ar na táirgí i gcolún 2 i dtéarmaí ginearálta dá bharr, tá feidhm ag na rialacha atá in aice leo i gcolún 3 nó colún 4 maidir le gach táirge, faoin gCóras Comhchuibhithe, a aicmítear i gceannteidil na caibidle comhfhreagraí nó in aon cheann de na ceannteidil atá le chéile i ngrúpaí i gcolún 1.

- 2.3. I gcás ina bhfuil rialacha éagsúla sa liosta a bhfuil feidhm acu maidir le táirgí éagsúla laistigh de cheannteideal, i ngach fleasc tá tuairisc ar an gcuid den cheannteideal atá faoi chumhdach na rialacha atá in aice leo i gcolún 3 nó colún 4.
- 2.4. Maidir le hiontráil sa chéad dá cholún, i gcás ina sonraítear riail i gcolún 3 agus colún 4 araon, féadfaidh an t-onnmhaireoir, mar mhalairt, an riail a leagtar amach i gcolún 3 nó an riail a leagtar amach i gcolún 4 a chur i bhfeidhm. Mura dtugtar aon riail maidir le tionscnamh i gcolún 4, ní mór an riail a leagtar amach i gcolún 3 a chur i bhfeidhm.

Nóta 3:

- 3.1. Forálacha Airteagal 6 den Iarscríbhinn seo maidir le táirgí a bhfuil stádas tionscnaimh bainte amach acu a úsáidtear le linn monarú táirgí eile, beidh feidhm acu is cuma ar baineadh an stádas sin amach laistigh den mhonarcha ina n-úsáidtear na táirgí sin nó i monarcha eile san Aontas Eorpach nó sna tíortha Aindéacha is sínitheoirí.

Mar shampla:

Inneall atá faoi cheannteideal 8407 nach ceadmhach, de réir na rialach maidir leis, luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a fhéadfar a ionchorprú ann a bheith os cionn 50 faoin gcéad den phraghas díreach ón monarcha, déantar é as “cruach cóimhiotail eile atá múnlaithe go garbh le gaibhniú” atá faoi cheannteideal ex 7224.

Más rud gur gaibhníodh an t-earra gaibhnithe sin san Aontas Eorpach ó thinne neamhthionscnaimh, tá stádas tionscnaimh bainte amach aige cheana féin de bhua na rialach maidir le ceannteideal ex 7224 sa liosta. Féadfar a chur san áireamh ansin gur de thionscnamh ríomh luacha an innill an t-earra gaibhnithe is cuma cé acu a táirgeadh sa mhonarcha chéanna é nó a táirgeadh i monarcha eile san Aontas Eorpach é. Ní chuirtear luach an tinne neamhthionscnaimh san áireamh nuair a chuirtear le chéile luach na n-ábhar neamhthionscnaimh a úsáideadh.

- 3.2. Is ionann an riail sa liosta agus an t-íosmhéid oibrithe nó próiseála is gá agus má dhéantar tuilleadh oibrithe nó próiseála tugtar stádas tionscnaimh freisin; os a choinne sin, ní thugtar stádas tionscnaimh má dhéantar níos lú oibrithe nó próiseála. Dá bhrí sin, má fhoráiltear le riail go bhféadfar ábhar neamhthionscnaimh de leibhéal áirithe monaraithe a úsáid, ceadáítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos luaithe sa mhonarú agus ní cheadáítear an t-ábhar sin a úsáid ag céim níos déanaí.
- 3.3. Gan dochar do Nóta 3.2, i gcás ina n-úsáidtear an nath ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal’ i riail, féadfar ábhair faoi aon cheannteideal nó ceannteidil (fiú ábhair arb ionann tuairisc agus ceannteideal dóibh agus an táirge) a úsáid, faoi réir aon teorainneacha sonracha a d’fhéadfadh a bheith sa riail freisin, áfach.

Mar sin féin, ciallaíonn an nath ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoi cheannteideal ...’ nó ‘Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, lena n-áirítear ábhair eile atá faoin gceannteideal céanna leis an táirge’ go bhféadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal a úsáid, diomaite de na hábhair sin arb ionann tuairisc dóibh agus don táirge mar a thugtar i gcolún 2 sa liosta.

- 3.4. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta go bhféadfar táirge a mhonarú as níos mó ná aon ábhar amháin, ciallaíonn sé sin go bhféadfar ábhar amháin nó níos mó a úsáid ach ní cheanglaítear leis sin go n-úsáidfear iad go léir..

Mar shampla:

Faoi na rialacha maidir le fabraicí atá faoi cheannteidil 5208 go 5212 foráiltear go bhféadfar snáithíní nádúrtha a úsáid agus go bhféadfar na hábhair cheimiceacha sin, chomh maith le hábhair eile, a úsáid freisin. Ní chiallaíonn sé sin, áfach, nach mór an dá cheann a úsáid; féadfar ceann amháin nó an ceann eile nó an dá cheann a úsáid.

- 3.5. Nuair a shonraítear faoi riail sa liosta nach mór táirge a mhonarú as ábhar ar leith, ní chuirtear cosc leis an gcoinníoll sin, ar ndóigh, ar ábhair eile a úsáid, ábhair nach féidir an riail a chomhlíonadh de bharr chineál bunúsach na n-ábhar sin. (Féach Nóta 6.2 thíos i dtaca le teicstílí).

Mar shampla:

An riail maidir le bianna ullmhaithe atá faoi cheannteideal 1904 nach n-áirítear inti úsáid gránach agus a ndíorthach, faoin riail sin níl cosc ar shalainn mhianracha, ceimiceáin agus breiseáin eile nach táirgí iad a tháirgtear as gránaigh a úsáid.

Mar sin féin, níl feidhm aige sin maidir le táirgí is féidir a tháirgeadh as ábhar den chineál céanna le linn céim níos luaithe sa mhonarú, cé nach féidir na táirgí sin a mhonarú as na hábhair ar leith a shonraítear sa liosta.

Mar shampla:

I gcás baill éadaigh ó ex Caibidil 62 atá déanta as ábhair neamhfHITE, má cheadaítear snáth neamhthionscnaimh a úsáid le haghaidh earra san aicme sin, ní féidir tosú le héadach neamhfHITE – fiú mura féidir éadaigh neamhfHITE a dhéanamh as snáth go hiondúil. I gcásanna mar sin, bheadh an t-ábhar tosaigh ag an gcéim a thagann roimh an snáth go hiondúil – is í sin an chéim snáithíní.

- 3.6. I gcás riail sa liosta, ina dtugtar dhá chéatadán le haghaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh is féidir a úsáid, ní fhéadfar an dá chéatadán sin a chur le chéile. Is é sin le rá, ní fhéadfaidh uasluach na n-ábhar neamhthionscnaimh go léir a úsáideadh a bheith níos mó ná an céatadán is airde a tugadh. Anuas air sin, ní mór gan na céatadáin aonair a shárú i dtaca leis na hábhair ar leith a bhfuil feidhm acu maidir leo.

Nóta 4:

- 4.1. Úsáidtear an téarma ‘snáithíní nádúrtha’ sa liosta chun tagairt do na snáithíní nach snáithíní saorga ná sintéiseacha iad. Tá sé teoranta do na céimeanna sula ndéantar an sníomh, lena n-áirítear dramhaíl, agus, mura sonraítear a mhalairt, áirítear leis snáithíní cardáilte, cíortha nó próiseáilte ar shlí eile ach nach bhfuil sníofa.

- 4.2. Áirítear leis an téarma ‘snáithíní nádúrtha’ rón atá faoi cheannteideal 0503, síoda atá faoi cheannteidil 5002 agus 5003 chomh maith le snáithíní olla, fionnadh ainmhíoch mín nó garbh atá faoi cheannteidil 5101 go 5105, snáithíní cadáis atá faoi cheannteidil 5201 go 5203 agus snáithíní plandúla eile atá faoi cheannteidil 5301 go 5305.
- 4.3. Úsáidtear na téarmaí ‘laíon teicstíle’, ‘ábhair cheimiceacha’ agus ‘ábhair déanta páipéir’ sa liosta chun tagairt do na hábhair, nach n-aicmítear i gCaibidlí 50 go 63, is féidir a úsáid chun snáithíní nó snáth saorga, sintéiseacha nó páipéir a mhonarú.
- 4.4. Úsáidtear an téarma ‘snáithíní stáplacha de dhéantús an duine’ sa liosta chun tagairt do bharrach filiméadach, snáithíní stáplacha nó dramhaíl atá sintéiseach nó saorga, atá faoi cheannteidil 5501 go 5507.

Nóta 5:

- 5.1. I gcás ina ndéantar tagairt don Nóta seo le haghaidh táirge áirithe sa liosta, ní chuirfear na coinníollacha a leagtar amach i gcolún 3 i bhfeidhm maidir le haon ábhair theicstíle bhunúsacha a úsáideadh le linn mhonarú an táirge sin agus arb ionann iad, nuair a chuirtear le chéile iad, agus 10 faoin gcéad nó níos lú de mheáchan iomlán na n-ábhar teicstíle bunúsach go léir a úsáideadh. (Féach Nótaí 5.3 agus 5.4 thíos freisin.)

5.2. Mar sin féin, ní fhéadfar an lamháltas a luaitear i Nóta 5.1 a chur i bhfeidhm ach maidir le táirgí measctha a rinneadh as dhá cheann nó níos mó d'ábhair theicstíle bhunúsacha.

Is iad seo a leanas na hábhair theicstíle bhunúsacha:

- síoda,
- olann,
- fionnadh ainmhíoch garbh,
- fionnadh ainmhíoch mín,
- rón,
- cadás,
- ábhair déanta páipéir agus páipéar,
- líon,
- fíorchnáib,
- siúit agus snáithíní eile cáiteoige teicstíle,
- siseal agus snáithíní teicstíle eile den ghéineas Agave,
- cnó cócó, abacá, ráimí agus snáithíní teicstíle plandúla eile,
- filiméid shintéiseacha de dhéantús an duine,
- filiméid shaorga de dhéantús an duine,
- filiméid seolta srutha,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polapróipiléine de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poileistir de dhéantús an duine,

- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaimíde de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaicrilínítríle de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha poilimíde de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha polaitetreafluairéitiléine de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha suilfíde polaiifeiniléine de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha (clóirídí) polai(vinile) de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha sintéiseacha eile de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha saorga vioscóis de dhéantús an duine,
- snáithíní stáplacha saorga eile de dhéantús an duine,
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poiléitir, bídis galúnaithe nó ná bíodh,
- snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídis galúnaithe nó ná bíodh, táirgí atá faoi cheannteideal,
- 5605 (snáth miotalaithe) ina n-ionchorpraítear stiall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach,
- táirgí eile atá faoi cheannteideal 5605.

Mar shampla:

Is snáth measctha é snáth faoi cheannteideal 5205 atá déanta as snáithíní cadáis faoi cheannteideal 5203 agus snáithíní stáplacha sintéiseacha faoi cheannteideal 5506. Dá bhrí sin, snáithíní stáplacha sintéiseacha neamhthionscnaimh nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní cheadaítear ach monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle), féadfar iad a úsáid, ar choinníoll nach rachaidh a meáchan iomlán thar 10 faoin gcéad de mheáchan an tsnátha.

Mar shampla:

Is fabraic mheasctha fabraic olla, faoi cheannteideal 5112, atá déanta as snáth olla faoi cheannteideal 5107 agus snáth sintéiseach as snáithíní stáplacha faoi cheannteideal 5509. Dá bhrí sin, snáth sintéiseach nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní mór monarú as ábhair cheimiceacha nó laíon teicstíle) nó snáth olla nach gcomhlíonann na rialacha maidir le tionscnamh (faoi na rialacha sin ní mór monarú as snáithíní nádúrtha, nach bhfuil cardáilte, cíortha ná ullmhaithe ar shlí eile lena sníomh) nó teaghlaim den dá cheann, féadfar iad a úsáid ar choinníoll nach mó ná 10 faoin gcéad de mheáchan na fabraice a meáchan iomlán.

Mar shampla:

Fabraic theicstíle dhosach faoi cheannteideal 5802 atá déanta as snáth cadáis faoi cheannteideal 5205 agus as fabraic chadáis faoi cheannteideal 5210, ní táirge measctha í ach amháin más fabraic mheasctha an fhabraic chadáis féin agus í déanta as snáth atá aicmithe faoi dhá cheannteideal ar leith nó más meascáin iad na snáthanna cadáis féin a úsáideadh.

Mar shampla:

Dá mba rud é go ndearnadh an fhabraic theicstíle dhosach as snáth cadáis faoi cheannteideal 5205 agus as fabraic shintéiseach faoi cheannteideal 5407, is dhá ábhar teicstíle bhunúsacha iad na snáthanna a úsáideadh dá bhrí sin, ar ndóigh, agus is táirge measctha í an fhabraic theicstíle dhosach dá réir.

- 5.3. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear ‘snáth atá déanta as polúireatán atá deighilte le deighleoga solúbtha poileistir, bídís galúnaithe nó ná bídís’, is ionann an lamháltas sin agus 20 faoin gcéad i ndáil leis an snáth sin.
- 5.4. I gcás na dtáirgí ina n-ionchorpraítear ‘stíall ina bhfuil lár de scragall alúmanaim nó lár de scannán plaisteach, bíodh sé brataithe le púdar alúmanaim nó ná bíodh, nach bhfuil níos mó ná 5 mm ar leithead, atá cisealaithe trí bhíthin greamachán trédhearcach nó daite idir dhá shraith de scannán plaisteach’, is ionann sin an lamháltas agus 30 faoin gcéad i ndáil leis an stíall sin.

Nóta 6:

- 6.1. I gcás ina ndéantar tagairt sa liosta don Nóta seo, féadfar úsáid a bhaint as ábhair theicstíle nach gcomhlíonann an riail a leagtar amach sa liosta i gcolún 3 don táirge comhdhéanta lena mbaineann, ar choinníoll go bhfuil siad aicmithe faoi cheannteideal seachas ceannteideal an táirge agus nach mó a luach ná 8 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha.
- 6.2. Gan dochar do Nóta 6.3, féadfar ábhair nach bhfuil aicmithe faoi Chaibidlí 50 go 63 a úsáid gan bhac agus táirgí teicstíle á monarú, bíodh teicstílí iontu nó ná bíodh.

Mar shampla:

I gcás ina bhforáiltear le riail sa liosta nach mór snáth a úsáid le haghaidh earra teicstíle ar leith (amhail treabhsair), ní fhágann sé sin cosc a bheith ar úsáid earraí miotail, amhail cnaipí, toisc nach bhfuil cnaipí aicmithe faoi Chaibidlí 50 go 63. Ar an gcúis chéanna, ní fhágann sé cosc a bheith ar úsáid a bhaint as sleamhnáin cheangail, cé go mbíonn teicstílí i sleamhnáin cheangail de ghnáth.

- 6.3. I gcás ina mbeidh feidhm ag riail chéatadánach, ní mór luach na n-ábhar nach n-aicmítear faoi Chaibidlí 50 go 63 a chur san áireamh agus luach na n-ábhar neamhthionscnaimh ionchorpraithe á ríomh.

Nóta 7:

7.1. Chun críocha cheanteidil ex 2707, 2713 go 2715, ex 2901, ex 2902 agus ex 3403, is iad seo a leanas na ‘próisis shonracha’:

- (a) driogadh folúis;
- (b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach;
- (c) scoilteadh;
- (d) athfhoirmiú;
- (e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;
- (f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidrid shulfarach atá tiubhaithe; neodró le hoibreáin alcaileacha; agus tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;
- (g) polaiméiriú;
- (h) aileiliú; agus
- (i) isiméiriú.

7.2. Chun críocha cheannteidil 2710, 2711 agus 2712, is iad seo a leanas na ‘próisis shonracha’:

- (a) driogadh folúis;
- (b) athdhriogadh trí bhíthin próiseas codánúcháin atá an-chuimsitheach;
- (c) scoilteadh;
- (d) athfhoirmiú;
- (e) eastóscadh trí bhíthin tuaslagóirí roghnaitheacha;
- (f) an próiseas a chuimsíonn na hoibríochtaí seo go léir a leanas: próiseáil le haigéad sulfarach, oiléam nó ainhidríd shulfarach atá tiubhaithe; neodró le hoibreáin alcaileacha; agus tuaradh agus íonú le cré atá gníomhach go nádúrtha, cré ghníomhachtaithe, fioghual gníomhachtaithe nó báicsít;
- (g) polaiméiriú;
- (h) aileiliú;
- (i) isiméiriú;

- (j) maidir le holaí troma atá faoi cheannteideal ex 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, díshulfarú le hidrigin arb é an toradh atá air laghdú 85 faoin gcéad ar a laghad ar chion sulfair na dtáirgí a próiseáladh (modh ASTM D 1266-59 T);
- (k) maidir leis na táirgí a thagann faoi cheannteideal 2710 agus faoin gceannteideal sin amháin, díphairifíniú trí bhíthin próiseas nach scagadh é;
- (l) maidir le holaí troma faoi cheannteideal ex 2710 amháin, cóireáil le hidrigin faoi bhrú atá níos mó ná 20 bar agus ag teocht atá níos airde ná 250 °C agus catalaíoch in úsáid, seachas chun difear a dhéanamh don díshulfarú, nuair is eilimint ghníomhach an hidrigin in imoibriú ceimiceach. Ach maidir le cóireáil bhreise le hidrigin olaí bealaithe faoi cheannteideal ex 2710 (e.g. hidreabhailchríochnú nó tuaradh) chun, go háirithe, dath nó seasmhacht a fheabhsú, ní mheasfar gur próiseas sonrach í an chóireáil sin;
- (m) maidir le holaí breosla faoi cheannteideal ex 2710 amháin, driogadh atmaisféarach, ar choinníoll go ndriogann níos lú ná 30 faoin gcéad de na táirgí sin, de réir toirte, lena n-áirítear caillteanais, ag 300 °C de réir mhodh ASTM D 86;
- (n) maidir le holaí troma seachas olaí gáis agus olaí breosla faoi cheannteideal ex 2710 amháin, cóireáil trí bhíthin scuab-dhíluchtú leictreach ardmhinicíochta; agus

- (o) maidir le táirgí amha (seachas glóthach pheitriliam, ózaiceirít, céir ligníte nó céir mhóna, céir phairifín ina bhfuil níos lú ná 0,75 faoin gcéad ola de réir meáchain) faoi cheannteideal ex 2712 amháin, dí-olú trí chriostalú codánach.

7.3. Chun críocha cheannteidil ex 2707, 2713 go 2715, ex 2901, ex 2902 agus ex 3403, oibríochtaí simplí amhail glanadh, scinceáil, díshailleadh, deighilt uisce, scagadh, dathú, marcáil, cion sulfair a bhaint amach mar thoradh ar tháirgí nach ionann a gcion sulfair a mheascadh, ní thugtar tionscnamh leo ná le haon teaghlaim de na hoibríochtaí sin ná d'oibríochtaí comhchosúla.

FOSCRÍBHINN 2

LIOSTA DEN OIBRIÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH CHUN GO bhFAIGHIDH TÁIRGE MONARAITHE STÁDAS TÁIRGE TIONSCNAIMH

Féadfaidh sé nach bhfuil na táirgí uile a luaitear sa liosta cumhdaithe faoin gComhaontú seo. Is gá, dá bhrí sin, na codanna eile den Chomhaontú seo a cheadú.

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
Caibidil 01	Ainmhithe beo	Ní mór na hainmhithe uile atá faoi Chaibidil 1 a bheith faighte go hiomlán	
Caibidil 02	Feoil agus scairteach feola inite	Monarú ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidlí 1 agus 2, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
Caibidil 03	Éisc agus crústaigh, moilisc agus inveirteabraigh uisceacha eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 3 a úsáidtear faighte ina n-iomláine	
ex Caibidil 04 0403	Táirgí déiríochta; uibheacha éan; mil nádúrtha; táirgí inite de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile; seachas: Bláthach, bainne agus uachtar gruthach, iógart, ceifir agus bainne agus uachtar eile atá coipthe nó aigéadaithe, cibé acu atá siad nó nach bhfuil siad comhdhlúite nó atá nó nach bhfuil siúcra nó ábhar milsiúcháin eile nó blaitithe nó torthaí, cnónna nó cócó curtha leis	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 4 a úsáidtear faighte ina n-iomláine Monarú: ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 4, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

Teideal CC (Córas Comhchuíbhíthe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
ex Caibidil 05 ex 0502	Táirgí de thionscnamh ainmhíoch, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile; seachas: Guairí agus fionnadh muc, borraí nó torc atá ullmhaithe	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 5 a úsáidtear faighte ina n-iomláine ¹ Glanadh, dífhachtú, sórtáil agus díriú guairí agus fionnaidh	
Caibidil 06	Crainn bheo agus plandaí eile; bleibeanna, fréamhacha agus rudaí mar iad; bláthanna gearrtha agus duilliúr ornáideach	Ní mór na táirgí uile atá faoi Chaibidil 6 a bheith faighte go hiomlán	
Caibidil 07	Glasraí, fréamhacha agus tiúbair inite áirithe	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 7 a úsáidtear faighte ina n-iomláine	
Caibidil 08	Torthaí agus cnónna inite; craiceann torthaí ciotrais nó mealbhacán	Monarú: - ina bhfuil na hábhair uile atá faoi Chaibidil 8, agus a mbaintear úsáid astu ann, faighte go hiomlán; agus nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 09 0901	Caife, tae, maité agus spíosraí; seachas: Caife, bíodh sé rósta, díchaiféinithe nó ná bíodh; blaoscanna agus craicne caife; ionadaigh chaife a bhfuil cion éigin caife iontu	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 9 a úsáidtear faighte ina n-iomláine ²	
Caibidil 10	Gránaigh	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 10 a úsáidtear faighte ina n-iomláine	

¹ I gcás táirgí faoi cheannteideal 0504, tá feidhm ag an rialail in Airteagal 5(1)(c).

² Féach Nóta 1 i bhFoscábhinn 2A.

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
ex Caibidil 11	Táirgí an tionscail mhuilleoireachta; braich; stáirsí; ionúilin; glútan cruithneachta; seachas:	Monarú ina bhfuil na glasraí, na fréamhacha agus na tiúbair inite uile atá faoi Chaibidil 7, na torthaí inite uile atá faoi Chaibidil 8 agus na gránaigh inite uile atá faoi Chaibidil 10 agus a úsáidtear ann faighte go hiomlán	
1101	Plúr cruithneachta	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	
ex 1102	Gránphlúr (plúr arbhair Indiaigh)	Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus nach bhfuil meáchan an ghráin bháin faoi cheannteideal 1005 a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge	
ex 1106	Plúr, min agus púdar na nglasraí léagúmacha triomaithe, scilligthe faoi cheannteideal 0713	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	
ex 1108	Stáirse gráin bhuí	Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus nach bhfuil meáchan an ghráin bhuí faoi cheannteideal 1005 a úsáidtear ann níos mó ná 20 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge	
Caibidil 12	Olashíolta agus torthaí olúla; gráin, síolta agus torthaí ilghnéitheacha; plandaí tionsclaíocha nó íocshláinte; tui agus farae	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 12 a úsáidtear faighte ina n-iomláine	

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
1301	Leaic; gumaí nádúrtha, roisíní nádúrtha, gumroisíní nádúrtha agus olaroisíní nádúrtha (mar shampla balsaim)	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile faoi cheannteideal 1301 a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
1302	Súnna plandúla agus úisc phlandúla; substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití; agar agus gumalachtaí agus tiúsóirí eile, bídis nó ná bídis modhnaithe, a fhaightear ó tháirgí plandúla: gumalachtaí agus tiúsóirí, modhnaithe, a fhaightear ó tháirgí plandúla - Substaintí peicteacha, peicteanáití agus peicteáití - Eile	Monarú as gumalachtaí agus tiúsóirí neamh-mhodhnaithe Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
Caibidil 14	Ábhair dualta glasraí; táirgí ó phlandaí nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 14 a úsáidtear faighte ina n-iomláine	
ex Caibidil 15	Saillte agus olaí ainmhíocha nó plandúla agus a dtáirgí scoilte; saillte inite ullmhaithe; céaracha ainmhíocha nó plandúla; seachas: Ola pónaire soighe, ola phis talún agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é ³	

³ Féach Nóta 2 i bhFoscscríbhinn 2A.

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	(4)
1509 go 1511	Ola olóige, olaí eile a fhaightear ó ológa amháin, ola pailme agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú ina bhfuil na hábhair phlandúla uile a úsáidtear faighte ina n-iomláine	
1512 go 1515	Ola lus na gréine, ola cróch bréige nó ola sil cadáis, ola cnó cócó (ola copra), ola eithne pailme, ola bhabasú, ola ráibe, ola cholsa, ola mhustaird, saillte agus olaí plandúla do-ghalaithe eile (lena n-áirítear ola hahóba) agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é ⁴	
1516	Saillte agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, agus a gcodáin, iad hidriginithe, idireistearaithe, atheistearaithe nó eilíidinithe, go páirteach nó go hiomlán, bídis scagtha nó ná bídis, ach gan ullmhú thairis sin orthu	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha ⁵	
1517	Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shail ainmhíoch nó plandúil nó meascáin nó ullmhóidí inite d'olaí ainmhíocha nó plandúla nó meascáin nó ullmhóidí inite de chodáin saille nó olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas saill nó olaí inite nó a gcodáin atá faoi cheannteideal 1516	Monarú: - ar dá thionscnamh ar a laghad 40 faoin gcéad de mheáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear ann, agus nach bhfuil luach na n-ábhar uile a úsáidtear ann níos mó ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha ⁶	
Caibidil 16	Ullmhóidí feola, éisc, crústach, moileasc nó inveirteabrach uisceacha eile	Monarú: - as ainmhithe atá faoi Chaibidil 1, agus - ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 3 a úsáidtear faighte ina n-iomláine	

⁴ Féach Nóta 2 i bhFoscúbhinn 2A.

⁵ Féach Nóta 2 i bhFoscúbhinn 2A.

⁶ Féach Nóta 2 i bhFoscúbhinn 2A.

Teideal CC (Córas Comhchuíbhíthe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
ex Caibidil 17	Siúcraí agus milseogra siúcra; seachas:	Monarú as ábhair atá faoi aon chaibidil eile, seachas caibidil an táirge	
1702	Siúcraí eile, lena n-áirítear lachtós, maltós, glúcós agus fruchtós atá ion go ceimiceach, i bhfoirm sholadach; sioróipí siúcra nach bhfuil ábhar breise blaistithe ná dathúcháin curtha leo; mil shaorga, cibé acu atá sé measctha le mil aiceanta nó nach bhfuil; caramal	Monarú as ábhair atá faoi aon chaibidil eile, seachas caibidil an táirge agus Caibidil 11	
1704	Milseogra siúcra (lena n-áirítear seacláid bhán), nach bhfuil cócó ann	Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus - nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 18	Cócó agus ullmhóidí cócó; seachas:	Monarú ina bhfuil na hábhair uile faoi Chaibidil 18 a úsáidtear faighte ina n-iomláine	
1803 go 1805	Leafaos cócó, biodh sé díshailte nó ná biodh; im cócó, saill cócó agus ola cócó; púdar cócó nach bhfuil siúcra breise ná substaint eile mhilsithe ann	Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus - nach mó meáchan an chócó faoi cheannteidil 1801 agus 1802 a úsáidtear ann ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge ⁷	
1806	Seacláid agus ullmhóidí bia eile ina bhfuil cócó	Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus - nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

⁷ Féach Nóta 3 i bhFoscúbhinn 2A.

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
1901	Eastóscán braiche; ullmhóidí plúir, piocuarain, mine, stáirse nó eastóscáin braiche, nach bhfuil cócó iontu nó ina bhfuil níos lú ná 40 faoin gcéad cócó de réir meáchain arna ríomh ar bhonn díshailte go hiomlán, nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile; ullmhóidí bia earraí atá faoi cheannteidil 0401 go 0404, nach bhfuil cócó iontu nó ina bhfuil níos lú ná 5 faoin gcéad de chócó de réir meáchain arna ríomh ar bhunús díshailte go hiomlán, nach sonraítear nó nach n-áirítear in aon áit eile: - Úsc braiche ‘Dulce de leche’ (‘arequipe’ nó ‘manjar blanco’) - Ullmhóidí déiríochta eile nach mó ná 10 faoin gcéad a gcion solad bainne de réir meáchain - Eile	Monarú as gránaigh atá faoi Chaibidil 10 Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus nach bhfuil meáchan na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 4 agus a úsáidtear ann níos mó ná 50 faoin gcéad de mheáchan iomlán an táirge Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas ceannteideal an táirge, agus - nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
1902	Pasta, biodh sé nó ná biodh sé cócaráilte nó líonta (le feoil nó substaintí eile) nó ullmhaithe ar bhealach eile, amhail spaigití, macarón, núdail, leasáinne, gnocchi, raiviólaí, canalóiní; cúscús, biodh sé ullmhaithe nó ná biodh: - Ina bhfuil 20 faoin gcéad nó níos lú de réir meáchain d'fheoil, scairteach feola, iasc, crústaigh nó moilisc - Ina bhfuil 20 faoin gcéad nó níos mó de réir meáchain d'fheoil, scairteach feola, iasc, crústaigh nó moilisc	Monarú ar dá thionscnamh na hábhair uile atá faoi Chaibidil 11, agus a úsáidtear ann. Féadfar cruithneacht chrua agus a díorthaigh faoi Chaibidil 11 a úsáid, áfach Monarú: ar dá thionscnamh na hábhair uile faoi Chaibidil 11 agus a úsáidtear ann. Féadfar cruithneacht chrua agus a díorthaigh faoi Chaibidil 11 a úsáid, áfach, agus - ina bhfaightear ina n-iomláine na hábhair uile de chuid Chaibidlí 2 agus 3 a úsáidtear Monarú as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas as stáirse prátaí atá faoi cheannteideal 1108	
1903	Taipióca agus ionadaigh de déanta as stáirse, i bhfoirm calóg, gráinní, péarlaí, fuilleach criathair nó foirmeacha comhchosúla		
1904	Bianna ullmhaithe a fhaightear trí bhorradh nó trí róstadh gránach nó táirgí gránach (calóga arbhair, mar shampla); gránaigh (seachas arbhar Indiach (arbhar)) i bhfoirm gránach nó i bhfoirm calóg nó gránach oibrithe eile (seachas plúr, piocuaran agus min), réamhchócaráilte nó ullmhaithe ar bhealach eile, nach sonraítear ná nach n-áirítear in aon áit eile	Monarú: - as ábhair faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi cheannteideal 1806, - ar dá thionscnamh na hábhair uile atá faoi Chaibidil 11, agus a úsáidtear ann. Féadfar cruithneacht chrua agus grán buí Zea indurate agus a ndíorthaigh faoi Chaibidil 11 a úsáid, áfach, agus - nach bhfuil luach na n-ábhar uile atá faoi Chaibidil 17 agus a úsáidtear ann níos mó ná 30 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	

Teideal CC (Córas Comhchuíbhíthe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena dtugtar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3)	nó (4)
1905	Arán, taosrán, cácaí, briosaí agus táirgí eile báicéara, bíodh cócó iontu nó ná bíodh; abhlanna, capsúil fholmha de chineál atá feiliúnach d'úsáid chógaisíochta, brioscóga séalaithe, ríspáipéar agus táirgí comhchosúla	Monarú: - as ábhair atá faoi aon cheannteideal, seachas iad siúd atá faoi Chaibidil 11, agus - nach bhfuil meascáin agus taosanna chun earraí báicéara a aicmítear faoi cheannteideal 1901 a ullmhú níos mó ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	
ex Caibidil 20	Ullmhóidí glasraí, torthaí, cnónna nó codanna eile de phlandaí; seachas:	Monarú ina bhfuil na glasraí, torthaí agus cnónna uile atá faoi Chaibidil 7 agus 8, agus a úsáidtear ann, faighte go hiomlán	
FOSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN LIOSTA DEN OIBRIÚ NÓ DEN PHRÓISEÁIL IS GÁ A DHÉANAMH AR ÁBHAIR NEAMHTHIONSCNAIMH CHUN GO bhFAIGHIDH TÁIRGE MONARAITHE STÁDAS TÁIRGE TIONSCNAIMH

Forálacha coiteanna

1. I gcás na dtáirgí atá tuairiscithe thíos, féadfaidh feidhm a bheith ag na rialacha seo a leanas in ionad na rialacha atá leagtha amach i bhFoscríbhinn 2 maidir le táirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh nó de thionscnamh tír Aindéi is sínitheoir, de réir mar a bheidh.
2. Nuair a chumhdaítear táirge faoi riall tionscnaimh atá faoi réir cuótaí, beidh an ráiteas seo a leanas i gcruthúnas ar thionscnamh agus é i mBéarla: ‘Táirge arna thionscnamh i gcomhréir le Foscríbhinn 2A a ghabhann le hIarscríbhinn II’.
3. Bainisteofar na cuótaí a léirítear thíos ar bhonn ‘tagadh do sheal mar a tháinig tú féin’. Na cainníochtaí arna n-onnmhairiú chuig Páirtí, déanfar iad a ríomh ar bhonn allmhairí an Pháirtí lena mbaineann.
4. San Aontas Eorpach, bainisteoidh an Coimisiún Eorpach aon chuóta dá dtagraítear san Fhoscríbhinn seo.

Nóta 1

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón Aontas Eorpach chuig an gColóim nó Peiriú laistigh de na cuótaí bliantúla in aghaidh na tíre a léirítear thíos:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 0901	Caife rósta den chineál Arabica	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal	

An Cholóim	Peiriú
120 tonna	30 tonna

Nóta 2

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón Aontas Eorpach chuig Peiriú agus ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
1507 go 1508	Ola pónaire soighe, ola piseanna talún agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair faoi aon fhocheannteideal nach é focheannteideal an táirge é	

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
1512 go 1515	Ola lus na gréine, ola cróch bréige nó ola síl cadáis, ola cnó cócó (ola copra), ola eithne pailme, ola bhabasú, ola ráibe, ola cholsa, ola mhustaird, saille agus olaí plandúla do-ghalaithe eile (lena n-áirítear ola hahóba) agus a gcodáin, ach nach bhfuil modhnaithe go ceimiceach	Monarú as ábhair faoi aon fhocheanteideal nach é focheanteideal an táirge é	
1516	Saille agus olaí ainmhíocha, plandúla nó miocróbacha, agus a gcodáin, iad hidriginithe, idireistearaithe, atheistearaithe nó eilídithe, go páirteach nó go hiomlán, bídis scagtha nó ná bídis, ach gan ullmhú thairis sin orthu	Monarú as ábhair faoi aon cheanteideal nach é ceanteideal an táirge é	
1517	Margairín; meascáin nó ullmhóidí inite de shaille ainmhíoch nó plandúil nó meascáin nó ullmhóidí inite d'olaí ainmhíocha nó plandúla nó meascáin nó ullmhóidí inite de chodáin saille nó olaí éagsúla atá faoin gCaibidil seo, seachas saille nó olaí inite nó a gcodáin atá faoi cheanteideal 1516	Monarú: - as ábhair faoi aon cheanteideal, seachas ceanteideal an táirge, agus - ar dá thionscnamh ar a laghad 40 faoin gcéad de mheáchan na n-ábhar atá faoi Chaibidil 4 a úsáidtear ann	

Nóta 3

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón Aontas Eorpach chuig an gColóim nó Peiriú laistigh de na cuótaí bliantúla in aghaidh na tíre a léirítear thíos:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
1805	Púdar cócó nach bhfuil siúcra breise ná substaint eile mhilsithe ann	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	

An Cholóim	Peiriú
100 tonna	450 tonna

Nóta 4

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón Aontas Eorpach chuig Peiriú agus ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronnar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 3824	Bithdhíosal: meascáin d'eistir mhona-aile aigéad sailleach fadslabhrúil d'fho-tháirgí olaí ainmhíocha nó plandúla. Ar mhaithe le cinnteacht níos fearr, déanann an t-eistir mona-aile tagairt d'eistear meitile nó d'eistear eitile aigéad sailleach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 20 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 40 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Nóta 5

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón gColóim, agus ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach laistigh de na cuótaí bliantúla in aghaidh na tíre a léirítear thíos:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
3920	Plátaí, leatháin, scannán, scragall agus stiallacha eile, as plaistigh neamhcheallacha, nach bhfuil treisithe, lannaithe, faoi thacú nó i gcumasc de chineálsin le hábhair eile	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é. Mar sin féin, féadfar ábhair atá faoi aon cheannteideal leis an táirge a úsáid, ar choinníoll nach mó a luach iomlán ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 55 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha

An Cholóim	Peiriú
15,000 tonna	15,000 tonna

Má úsáidtear níos mó ná 75 faoin gcéad de na cainníochtaí cuóta a luaitear thuas le linn bliain ar leith, déanfar na cainníochtaí sin a athbhreithniú, d'fhonn teacht ar chomhaontú maidir lena méadú, san Fhochoiste.

Nóta 6

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach laistigh den chuóta bliantúil a léirítear thíos:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
ex 5607 50 agus 5608	Sreangán (téadchomharthaí) agus eangacha	Monarú as snáth filiméid ardrighnis atá aicmithe i bhfo-cheannteidil 5402 11, 5402 19 nó 5402 20	

Aicmiú CC	Peiriú
ex 5607 50 agus 5608	650 tonna

Beidh an chainníocht sin faoi réir a hathbhreithnithe gach 3 bliana, le linn tréimhse 12 bhliain. Má úsáidtear níos mó ná 75 faoin gcéad in aghaidh na bliana den chainníocht cuóta a luaitear thuas le linn na tréimhse 3 bliana sin, déanfar an chainníocht le haghaidh na chéad 3 bliana eile a mhéadú de réir an ráta fáis le linn na tréimhse céanna maidir le honnmhairithe táirgí atá faoi chaibidlí 50 go 63 ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach nó cuirfear méadú 5 faoin gcéad leis an gcainníocht, cibé acu is airde.

Déanfar an t-athbhreithniú a luaitear i mír 1 de réir na sonraí arna bhfoilsíú ag Oifig Staidrimh an Aontais Eorpaigh (EUROSTAT) a luaithe a bheidh siad ar fáil. Foilseoidh an Coimisiún Eorpach na cainníochtaí coigeartuithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Nóta 7

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón gColóim, agus ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach laistigh de na cuótaí bliantúla in aghaidh na tíre a léirítear thíos:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
6108.22	Bristíní nó mionbhrístíní do mhná nó do chailíní, cniotáilte nó cróiseáilte as snáithíní de dhéantús an duine	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	
6112.31	Feistis snámha d'fhir nó do bhuachaillí, cniotáilte nó cróiseáilte as snáithíní sintéiseacha	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	
6112.41	Feistis snámha do mhná nó do chailíní, cniotáilte nó cróiseáilte as snáithíní sintéiseacha	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
6115.10	Góiséireacht comhbhrú céimnithe (mar shampla, stocaí i gcomhair féitheacha borrrha), cniotáilte nó cróiseáilte	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	
6115.21	Ríteoga eile as snáithíní sintéiseacha atá níos lú ná 67 deiciteics ar dlús in aghaidh an tsnátha aonair, cniotáilte nó cróiseáilte	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	
6115.22	Ríteoga eile as snáithíní sintéiseacha atá 67 deiciteics nó níos mó ar dlús in aghaidh an tsnátha aonair, cniotáilte nó cróiseáilte	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	
6115.30	Góiséireacht eile lánfhada nó góiséireacht eile ghlún do mhná atá níos lú ná 67 deiciteics ar dlús in aghaidh an tsnátha aonair	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	
6115.96	Eile, as snáithíní sintéiseacha	Monarú as snáth níolón nó snáthanna leaistiméireacha atá faoi cheannteidil 5402 agus 5404	

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	An Cholóim	Peiriú
6108.22	200 tonna	200 tonna
6112.31	25 tonna	25 tonna
6112.41	100 tonna	100 tonna
6115.10	25 tonna	25 tonna
6115.21	40 tonna	40 tonna
6115.22	15 tonna	15 tonna
6115.30	25 tonna	25 tonna
6115.96	175 tonna	175 tonna

Má úsáidtear níos mó ná 75 faoin gcéad de na cainníochtaí cuóta a luaitear thuas le linn bliain ar leith, déanfar na cainníochtaí sin a athbhreithniú, d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir lena méadú, san Fhochoiste.

Nóta 8

Beidh feidhm ag na rialacha tionscnaimh dá bhforáiltear i bhFoscúbhinn 2 maidir leis na táirgí atá liostaithe thíos fad is a choinníonn an tAontas Eorpach taraif ceangailte EDT 0 faoin gcéad ar bun le haghaidh na dtáirgí sin. Má mhéadaíonn an tAontas Eorpach taraif ceangailte EDT is infheidhme maidir leis na táirgí sin, tabharfar, leis an rial seo a leanas, stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón gColóim nó ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach laistigh de na cuótaí bliantúla in aghaidh na tíre a léirítear thíos:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
7209 go 7214	Táirgí cothromrollta iarainn agus táirgí cothromrollta cruach neamh-chóimhiotail; barraí agus slata, iad déanta as iarann nó as cruach neamh-chóimhiotail	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
7216 go 7217	Uillinneacha, cruthanna agus cónaisc déanta as iarann nó as cruach neamhchóimhiotail; sreang iarainn nó sreang den chruach neamh-chóimhiotail	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
7304 go 7306	Feadáin, píobáin agus tollphróifíilí as iarann nó as cruach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
7308	Foirgnimh agus codanna díobh, déanta as iarann nó as cruach; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéid arna n-ullmhú lena n- úsáid i struchtúir iarainn nó chruach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc	An Cholóim (tonnaí méadracha)	Peiriú (tonnaí)
7209	Táirgí cothromrollta iarainn nó cruach neamh-chóimhiotail, ar leithead 600 mm nó níos mó, fuar-rollta (fuarlaghdaithe), nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe	100000	100000
7210	Táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, ar leithead 600 mm nó níos mó, cumhdaithe, plátáilte nó brataithe	100000	100000
7211	Táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, ar leithead 600 mm, nach bhfuil cumhdaithe, plátáilte, ná brataithe		
7212	Táirgí cothromrollta d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail, ar leithead 600 mm, cumhdaithe, plátáilte nó brataithe	100000	100000
7213	Barraí agus slata, teo-rollta, i gcornaí atá corntha go mírialta, déanta as iarann nó as cruach neamhchóimhiotail	100000	100000

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc	An Cholóim (tonnaí méadracha)	Peiriú (tonnaí)
7214	Barraí agus slata eile déanta as iarann nó as cruach neamhchóimhiotail, gaibhnithe, teo-rollta, teo-tharraingthe nó teo easbhrúite, gan aon saoirsiú thairis sin, lena n-áirítear an chuid a chastar tar éis a rolladh	100000	100000
7216	Uillinneacha, cruthanna agus cónaisc déanta as iarann nó as cruach neamhchóimhiotail	100000	100000
7217	Sreang iarainn nó cruach neamhchóimhiotail	50000	50000
7304	Feadáin, píobáin agus próifílí tolla gan uaim as cruach nó as iarann (seachas iarann teilgthe)	50000	50000
7305	Feadáin agus píobáin eile (iad táite, mar shampla, sin nó iad seamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin), arb é an trasghearradh ciorclach atá iontu, iad níos mó ná 406,4 mm ar an trastomhas seachtrach, agus iad déanta as iarann nó cruach	50000	50000
7306	Feadáin, píobáin agus próifílí tolla eile atá déanta as iarann nó cruach (a bhfuil a séama oscailte nó táthaithe, iad séamaithe nó dúnta ar bhealach eile den chineál sin, mar shampla)	100000	100000
7308	Foirgnimh agus codanna díobh, déanta as iarann nó as cruach; plátaí, slata, uillinneacha, cruthanna, cónaisc, feadáin agus a leithéid arna n-ullmhú lena n-úsáid i struchtúir iarainn nó chruach	50000	50000

Nuair a shroichtear 50 faoin gcéad d'iontráil chuóta, le linn bliain ar leith, tiocfaidh méadú 50 faoin gcéad ar an tonnáiste bliantúil le haghaidh na bliana ina dhiaidh. Is í cainníocht chuóta na bliana roimhe a bheidh mar bhunús leis an ríomh. Féadfaidh na cainníochtaí sin, agus an bunús leis an ríomh, a athbhreithniú arna iarraidh sin ag aon Pháirtí agus arna chomhaontú sin leis na Páirtithe eile.

Nóta 9

Leis an riail seo a leanas, tabharfar stádas tionscnaimh do tháirgí a onnmhairítear ón gColóim, agus ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach laistigh de na cuótaí bliantúla in aghaidh na tíre a léirítear thíos:

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
7321	Soirn, grátaí, cócaireáin (lena n-áirítear na cinn a bhfuil fo-choirí acu le haghaidh téimh lárnaigh), fulachtaí, ciseáin tine, gásfháinní, téiteoirí plátaí agus fearais tí neamhleictreacha chomhchosúla, agus codanna díobh, as iarann nó as cruach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha
7323	Earraí boird nó cistine nó earraí tí eile agus codanna díobh, as iarann nó as cruach; olann iarainn nó chruach; sciúrthóirí pota, spúinsí, miotóga agus earraí dá leithéid le haghaidh sciúradh nó snasú, as iarann nó as cruach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	Tuairisc ar an táirge	Saothrú nó próiseáil, a rinneadh ar ábhair neamhthionscnaimh, lena mbronntar stádas tionscnaimh	
(1)	(2)	(3) nó (4)	
7325	Earraí teilgthe eile as iarann nó as cruach	Monarú as ábhair faoi aon cheannteideal nach é ceannteideal an táirge é	Monarú nach mó luach na n-ábhar uile a úsáideadh lena linn ná 50 faoin gcéad de phraghas an táirge díreach ón monarcha

Teideal CC (Córas Comhchuibhithe)	An Cholóim	Peiriú
7321	20 000 aonad	20 000 aonad
7323	50,000 tonna	50,000 tonna
7325	50,000 tonna	50,000 tonna

Féadfar na cainníochtaí sin a athbhreithniú arna iarraidh sin ag aon Pháirtí agus arna chomhaontú sin leis na Páirtithe eile.

FOSCRÍBHINN 3

SAMPLAÍ DE DHEIMHNIÚ GLUAISEACHTA EUR.1 AGUS D'IARRATAS AR DHEIMHNIÚ GLUAISEACHTA EUR.1

Treoracha priontála

1. Beidh gach foirm ar thomhas 210 x 297 mm; is ceadmhach i dtaca leis an bhfad lamháltas uasta de 5 mm faoina bhun sin nó de 8 mm os a chionn sin. Ní mór páipéar bán a úsáid, a bhfuil bián curtha air le haghaidh scríbhneoireachta, nach bhfuil laíon meicniúil ann agus nach lú a mheáchan ná 25 g/m². Beidh patrún giolóise clóite uaine mar chúlra air, chun gur féidir aon bhrionnú trí mheán meicniúil nó ceimiceach a fheiceáil leis an tsúil.
2. Féadfaidh údarais inniúla Bhallstáit an Aontais Eorpaigh agus na dtíortha Aindéacha is sínitheoirí an ceart a choimeád na foirmeacha a phriontáil, iad féin nó féadfaidh siad clódóirí formheasta a chur á bpriontáil. Sa chás deireanach sin ní mór tagairt don fhormheas sin a bheith ar gach foirm. Ní mór ainm agus seoladh an chlódóra nó marc lenar féidir an clódóir a aithint a bheith ar gach deimhniú. Chomh maith leis sin, beidh sraithuimhir, bíodh sí priontáilte nó ná bíodh, lenar féidir é a aithint.

DEIMHNIÚ GLUAISEACHTA

1. Easpórtálaí (ainm, seoladh iomlán, tír)	EUR. 1 Uimh. A 000.000		
	Féach na nótaí ar an taobh eile den bhileog sula líonfaidh tú isteach an fhoirm seo.		
3. Coinsíní (Ainm, seoladh iomlán, tír) (Roghnach)	2. Deimhniú á úsáidtear i dtrádáil fhabhrach idir Agus (Cuir isteach na tíortha, grúpaí tíortha nó críocha cuí)		
	4. An tír, an grúpa tíortha nó an chríoch a meastar gur tháinig na táirgí aisti	5. An ceann scribe (an tír, an grúpa tíortha nó an chríoch)	
6. Mionsonraí faoin iompar (Roghnach)	7. Tráchtáí		
8. Uimhir an earra; Marcálacha agus uimhreacha; Líon agus cineál na bpacáistí ¹ ; Cur síos ar na hearraí	9. Ollmhais (kg) nó modh eile tomhais (lítir, m ³ , etc.)	10. Sonraisc (Roghnach)	

¹ Mura bhfuil na hearraí pacáilte, luaigh líon na n-earraí nó scríobh ‘ar an mórchóir’ de réir mar is cuí.

11. FORMHUINIÚ INNIÚIL ÓN ÚDARÁS POIBLÍ NÓ CUSTAIM INNIUIL² <i>Arna dheimhniú</i> Doiciméad onnmhairiúcháin³ FoirmUimh. An Údarás inniúil nó Oifig Custaim Tír nó críoch eisiúna Stampa Áit agus dáta (Síniú)	12. DEARBHÚ ÓN ONNMHAIREOIR Dearbhaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, go gcomhlíonann na hearraí thuasluaite na coinníollacha is gá chun an deimhniú seo a eisiúint. Áit agus dáta (Síniú)
13. IARRAIDH AR FHÍORÚ, chuig	14. TORADH AN FHÍORAITHE Léiríonn an fíorú a rinneadh maidir leis an deimhniú seo⁽¹⁾ ☐ go ndearna an tÚdarás Inniúil nó an oifig custaim atá luaite an deimhniú seo a eisiúint agus go bhfuil an fhaisnéis atá ann cruinn. ☐ nach gcomhlíonann an deimhniú seo na ceanglais maidir le barántúlacht agus cruinneas (féach na nótaí i gceangal leis seo).

² Glacfaidh na Páirtithe le foirmeacha EUR.1 nach ndéantar aon tagairt iontu do ‘údarás inniúil’ i mbosca 11.

³ Ná líon isteach ach más gá de réir rialacháin na tíre nó críche is onnmhaireoir.

Iarrtar barántúlacht agus cruinneas an deimhnithe seo a fhíorú. (Áit agus dáta) Stampa (Síniú)	 (Áit agus dáta) Stampa (Síniú) (1) Cuir X sa bhosca cuí.
--	--

TABHAIR DO D’AIRE

1. Níor cheart aon ní a scríodadh trína chuimilt ná scríobh thar fhocail eile sa deimhniú. Ba cheart aon athrú is gá a dhéanamh trí na sonraí míchearta a scríodadh agus aon cheartúcháin is gá a chur leo. Ní mór don duine a líon isteach an deimhniú a inisealacha a chur le haon athrú den sórt sin agus ní mór d’údaráis inniúla nó údaráis chustaim na tíre nó críche eisiúna formhuiniú a dhéanamh ar an athrú.
2. Níor cheart aon bhearnaí a fhágáil idir na míreanna a chuirtear ar an deimhniú agus ba cheart uimhir na míre a chur roimh gach mír. Ní mór líne chothrománach a tharraingt go díreach faoi bhun an earra dheireanaigh. Ní mór líne a chur trí aon bhearna nár úsáideadh ionas nach féidir aon ní eile a chur leis an teastas ina dhiaidh sin.
3. Ní mór cur síos a dhéanamh ar na hearraí de réir an ghnáthchleachtais tráchtála agus ní mór an méid sonraí is gá a thabhairt ionas gur féidir iad a shainaithint.

IARRATAS AR DHEIMHNIÚ GLUAISEACHTA

1. Easpórtálaí (ainm, seoladh iomlán, tír)	EUR.1 Uimh. A 000.000		
	Féach na nótaí ar an taobh eile den bhileog sula líonfaidh tú isteach an fhoirm seo.		
	2. Iarratas ar dheimhniú lena úsáid i dtrádáil fhabhrach idir Agus (Cuir isteach na tíortha, grúpaí tíortha nó críocha cuí)		
3. Coinsíní (Ainm, seoladh iomlán, tír) (Roghnach)	4. An tír, an grúpa tíortha nó an chríoch a meastar gur tháinig na táirgí aisti	5. An ceann scríbe (an tír, an grúpa tíortha nó an chríoch)	
	7. Tráchtaí		
6. Mionsonraí faoin iompar (Roghnach)			
8. Uimhir an earra; Marcálacha agus uimhreacha; Líon agus cineál na bpacáistí ¹ Tuairisc ar na hearraí	9. Ollmhais (kg) nó modh eile tomhais (litr, m ³ , etc.)	10. Sonraisc (Roghnach)	

1. Mura bhfuil na hearraí pacáilte, luaigh líon na n-earraí nó scríobh ‘ar an mórchóir’ de réir mar is cuí.

DEARBHÚ ÓN ONNMHAIREOIR

Déanaimse, a bhfuil mo shíniú leis seo thíos, onnmhaireoir na n-earraí a bhfuil cur síos orthu ar an taobh thall,

A DHEARBHÚ go gcomhlíonann na hearraí na coinníollacha is gá chun an deimhniú atá i gceangal leis seo a eisiúint;

A SHONRÚ gurb é seo an chaoi ar chomhlíon na hearraí seo na coinníollacha thuasluaite:

.....
.....
.....

A SHEOLADH na doiciméid tacaíochta seo a leanas¹:

.....
.....
.....
.....

A GHEALLADH go seolfaidh mé aon fhianaise thacaíochta, má iarrann na húdaráis chuí a leithéid, a d'fhéadfadh bheith ag teastáil ó na húdaráis sin chun an deimhniú atá i gceangal a eisiúint agus geallaim go dtoileoidh mé, más gá, le haon chigireacht ar mo chuntais agus le haon seiceáil ar phróisis déantúsaíochta na n-earraí thuasluaite, a dhéanfaidh na húdaráis sin;

A IARRAIDH go n-eiseofar an deimhniú atá i gceangal le haghaidh na n-earraí seo.

.....

(Áit agus dáta)

.....

(Síniú)

¹ Mar shampla: doiciméid allmhairiúcháin, deimhnithe gluaiseachta, sonraisc, dearbhuithe ón monaróir, etc. ina dtagraítear do na táirgí a úsáideadh sa mhonarú nó do na hearraí a ath-onnmhairíodh sa staid chéanna.

FOSCRÍBHINN 4

DEARBHÚ SONRAISC

Ceanglais shonracha maidir le dearbhú sonraisc a tharraingt suas

Déanfar dearbhú sonraisc, a bhfuil a théacs leagtha amach thíos, trí úsáid a bhaint as ceann de na leaganacha teanga a leanas agus i gcomhréir le forálacha dhlí náisiúnta an Pháirtí is onnmhaireoir. Má dhéantar an dearbhú a scríobh de láimh, is le dúch agus sa chás uachtair a dhéanfar sin. Ní mór an ráiteas sonraisc a tharraingt suas i gcomhréir leis na fonótaí faoi seach. Ní gá na fonótaí a athsholáthar.

An leagan Bulgáirise

Износителят на продуктите, обхванати от този документ (разрешение № ... от митница или от друг компетентен държавен орган ⁽¹⁾) декларира, че освен където ясно е отбелязано друго, тези продукти са с ... ⁽²⁾ преференциален произход.

An leagan Spáinnise

El exportador de los productos incluidos en el presente documento (autorización aduanera o de la autoridad gubernamental competente nº ... ⁽¹⁾) declara que, salvo indicación en sentido contrario, estos productos gozan de un origen preferencial ... ⁽²⁾.

An leagan Seicise

Vývozce výrobků uvedených v tomto dokumentu (číslo povolení celního nebo příslušného vládního orgánu ... ⁽¹⁾) prohlašuje, že kromě zřetelně označených, mají tyto výrobky preferenční původ v ... ⁽²⁾.

An leagan Danmhairgise

Eksportøren af varer, der er omfattet af nærværende dokument, (toldmyndighedernes eller den kompetente offentlige myndigheds tilladelse nr. ... ⁽¹⁾) erklærer, at varerne, medmindre andet tydeligt er angivet, har præferenceoprindelse i ... ⁽²⁾.

An leagan Gearmáinise

Der Ausführer (Ermächtigter Ausführer; Bewilligung der Zollbehörde oder der zuständigen Regierungsbehörde Nr. ... ⁽¹⁾) der Waren, auf die sich dieses Handelspapier bezieht, erklärt, dass diese Waren, soweit nicht anders angegeben, präferenzbegünstigte Ursprungswaren ... ⁽²⁾ sind.

An leagan Eastóinise

Käesoleva dokumendiga hõlmatud toodete eksportija (tolliameti või pädeva valitsusasutuse luba nr. ... ⁽¹⁾) deklareerib, et need tooted on ... ⁽²⁾ sooduspäritoluga, välja arvatud juhul kui on selgelt näidatud teisiti.

An leagan Gréigise

Ο εξαγωγέας των προϊόντων που καλύπτονται από το παρόν έγγραφο (άδεια τελωνείου ή της καθύλην αρμόδιας αρχής, υπ' αριθ. ... ⁽¹⁾) δηλώνει ότι, εκτός εάν δηλώνεται σαφώς άλλως, τα προϊόντα αυτά είναι προτιμησιακής καταγωγής ... ⁽²⁾.

An leagan Béarla

The exporter of the products covered by this document (customs [or competent governmental] authorisation No ... ⁽¹⁾) declares that, except where otherwise clearly indicated, these products are of ... preferential origin ⁽²⁾.

An leagan Fraincise

L'exportateur des produits couverts par le présent document (autorisation douanière ou de l'autorité gouvernementale compétente n° ... ⁽¹⁾) déclare que, sauf indication claire du contraire, ces produits ont l'origine préférentielle ... ⁽²⁾.

An leagan Iodáilise

L'esportatore delle merci contemplate nel presente documento (autorizzazione doganale o dell'autorità governativa competente n. ... ⁽¹⁾) dichiara che, salvo indicazione contraria, le merci sono di origine preferenziale ... ⁽²⁾.

An leagan Laitvise

Eksportētājs produktiem, kuri ietverti šajā dokumentā (muitas vai kompetentu valsts iestāžu pilnvara Nr. ... ⁽¹⁾), deklarē, ka, izņemot, kur ir citādi skaidri noteikts, šiem produktiem ir preferenciāla izcelsme no ... ⁽²⁾.

An leagan Liotuáinise

Šiame dokumente išvardintų prekių eksportuotojas (muitinės arba kompetentingos viešosios valdžios institucijos liudijimo Nr. ... ⁽¹⁾) deklaruoja, kad, jeigu kitaip nenurodyta, tai yra ... ⁽²⁾ preferencinės kilmės prekės.

An leagan Ungáirise

A jelen okmányban szereplő áruk exportőre (vámfelhatalmazási szám: ... ⁽¹⁾ vagy az illetékes kormányzati szerv által kiadott engedély száma: ...) kijelentem, hogy eltérő jelzés hiányában az áruk kedvezményes ... származásúak ⁽²⁾.

An leagan Máltaise

L-esportatur tal-prodotti koperti b'dan id-dokument (awtorizzazzjoni kompetenti tal-gvern jew tad-dwana nru. ... ⁽¹⁾) jiddikjara li, hlief fejn indikat b'mod car li mhux hekk, dawn il-prodotti huma ta' origini preferenzjali ... ⁽²⁾.

An leagan Ollainnise

De exporteur van de goederen waarop dit document van toepassing is (douanevergunning of vergunning van de competente overheidsinstantie nr. ...⁽¹⁾) verklaart dat, behoudens uitdrukkelijke andersluidende vermelding, deze goederen van preferentiële ... oorsprong zijn ⁽²⁾.

An leagan Polainnise

Eksporter produktów objętych tym dokumentem (upoważnienie władz celnych lub upoważnienie właściwych władz nr ... ⁽¹⁾) deklaruje, że z wyjątkiem gdzie jest to wyraźnie określone, produkty te mają ... ⁽²⁾ preferencyjne pochodzenie.

An leagan Portaingéilise

O abaixo assinado, exportador dos produtos cobertos pelo presente documento (autorização aduaneira ou da autoridade governamental competente n.º ... ⁽¹⁾) declara que, salvo indicação expressa em contrário, estes produtos são de origem preferencial ... ⁽²⁾.

An leagan Rómáinise

Exportatorul produselor ce fac obiectul acestui document (autorizația vamală sau a autorității guvernamentale competente nr. ... ⁽¹⁾) declară că, exceptând cazul în care în mod expres este indicat altfel, aceste produse sunt de origine preferențială ... ⁽²⁾.

An leagan Slóvaicise

Vývozca výrobkov uvedených v tomto dokumente (číslo povolenia colnej správy alebo príslušného vládneho povolenia ... ⁽¹⁾) vyhlasuje, že okrem zreteľne označených, majú tieto výrobky preferenčný pôvod v ... ⁽²⁾.

An leagan Slóivéinise

Izvoznik blaga, zajetega s tem dokumentom, (pooblastilo carinskih ali pristojnih državnih organov št. ... ⁽¹⁾)izjavlja, da, razen če ni drugače jasno navedeno, ima to blago preferencialno ... ⁽²⁾ poreklo .

An leagan Fionlainnise

Tässä asiakirjassa mainittujen tuotteiden viejä (tullin tai toimivaltaisen julkisen viranomaisen lupa nro ... ⁽¹⁾) ilmoittaa, että nämä tuotteet ovat, ellei toisin ole selvästi merkitty, etuuskohteluun oikeutettuja ... alkuperätuotteita ⁽²⁾.

An leagan Sualainnise

Exportören av de varor som omfattas av detta dokument (tullmyndighetens tillstånd eller behörig statlig myndighet nr. __. ⁽¹⁾) försäkrar att dessa varor, om inte annat tydligt markerats, har förmånsberättigande __ ursprung ⁽²⁾

..... ⁽³⁾

(Áit agus dáta)

..... ⁽⁴⁾

(Síniú an onnmhaireora; ina theannta sin, ní mór ainm an duine atá ag síniú an dearbhaithe a scríobh go soiléir)

- ⁽¹⁾ I gcás ina bhfuil an dearbhú sonraisc á tharraingt suas ag onnmhaireoir formheasta de réir bhrí Airteagal 21 den Iarscríbhinn seo, ní mór uimhir údaráithe an onnmhaireora fhormheasta a iontráil sa spás seo. I gcás nach onnmhaireoir formheasta a tharraingíonn suas an dearbhú sonraisc, fágfar ar lár na focail idir lúibíní nó fágfar bán an spás.
- ⁽²⁾ Tionscnamh na dtáirgí le sonrú. Nuair a bhaineann an dearbhú sonraisc, ina iomláine nó i bpáirt, le táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla de réir bhrí Airteagal 36 den Iarscríbhinn seo, ní mór don onnmhaireoir iad a léiriú go soiléir sa doiciméad ina bhfuil an dearbhú tarraingthe suas trí bhíthin an chomhartha ‘CM’.
- ⁽³⁾ Féadfar na tásca sin a fhágáil ar lár má tá an fhaisnéis ar fáil sa doiciméad féin.
- ⁽⁴⁾ Féach Airteagal 20(5) den Iarscríbhinn seo. I gcás nach gá síniú an onnmhaireora, tugtar le tuiscint leis an díolúine ón síniú go bhfuil díolúine ann freisin maidir le hainm an tsínitheora.

FOSCRÍBHINN 5

TÁIRGÍ A bhFUIL FEIDHM MAIDIR LEO AG FOMHÍR (B) DE DHEARBHÚ AN AONTAIS EORPAIGH MAIDIR LE hAIRTEAGAL 5 I nDÁIL LE TÁIRGÍ TIONSCNAIMH Ó PHEIRIÚ AGUS ÓN gCOLÓIM

1. Maidir leis na coinníollacha a leagtar síos i bhfomhír (b) de Dhearbhú an Aontais Eorpaigh maidir le hAirteagal 5 i ndáil le táirgí tionscnaimh ó Pheiriú agus ón gColóim, tá feidhm ag na coinníollacha sin chun tionscnamh na dtáirgí seo a leanas arna n-onnmhairiú ó Pheiriú chuig an Aontas Eorpach a chinneadh faoi réir na gcuótaí bliantúla atá bunaithe thíos:

Ainmníocht Chomhcheangailte 2008	Tuairisc	Tonnaí méadracha
0303 74 30	Ronnach reoite ' <i>Scombrus</i> ' agus ' <i>Scomber japonicus</i> '	4 000
0303 79 65	Ainseabhaithe reoite ' <i>Engraulis</i> spp.'	120
0303 79 91	Bolmán (<i>Caranx trachurus</i> , <i>Trachurus trachurus</i>)	60
0307 49 59	Scuid reoite ' <i>Ommastrephes</i> spp.', ' <i>Nototodarus</i> spp.' agus ' <i>Sepioteuthis</i> spp.', leis an mblaosc nó gan í (seachas ' <i>Ommastrephes Sagittatus</i> ')	4 200
0307 49 99	Scuid ' <i>Ommastrephes</i> spp.', ' <i>Nototodarus</i> spp.' agus ' <i>Sepioteuthis</i> spp.', triomaithe, saillte nó faoi sháile, leis an mblaosc nó gan í (seachas ' <i>Ommastrephes Sagittatus</i> ')	2 500
1604 15 11	Filléid ronnaigh de na speicis ' <i>Scomber scombrus</i> ' agus ' <i>Scomber japonicus</i> ', ullmhaithe nó leasaithe	2 000
1604 15 19	Ronnaigh de na speicis ' <i>Scomber scombrus</i> ' agus ' <i>Scomber japonicus</i> ', ullmhaithe nó leasaithe, ina n-iomláine nó ina bpíosáí (seachas ronnach mionaithe agus filléid ronnaigh)	800
1604 15 90	Ronnaigh ullmhaithe nó leasaithe den speiceas ' <i>Scomber australasicus</i> ', ina n-iomláine nó ina bpíosáí (seachas ronnach mionaithe)	20
1604 16 00	Ainseabhaithe ullmhaithe nó leasaithe, ina n-iomláine nó ina bpíosáí (seachas ainseabhaithe mionaithe)	400

Ainmníocht Chomhcheangailte 2008	Tuairisc	Tonnaí méadracha
1604 20 40	Ainseabhaithe ullmhaithe nó leasaithe (seachas ainseabhaithe ina n-iomláine nó ina bpíosáí)	30
1605 90 30	Diúilicíní, seilidí agus moilisc eile, ullmhaithe nó leasaithe (seachas diúilicíní den speiceas <i>Mytilus</i> agus den speiceas <i>Perna</i>)	500

2. Beidh an ráiteas seo a leanas i mBéarla sna cruthúnais ar thionscnamh a eisítear nó a tharraingítear suas le haghaidh táirgí a úsáideann na cuótaí a bhunaítear san Fhoscríbhinn seo: ‘Product originating in accordance with Appendix 5 of Annex II’.
3. Bainisteofar na cuótaí a bhunaítear san Fhoscríbhinn seo ar bhonn ‘tagadh do sheal mar a tháinig tú féin’. Na cainníochtaí arna n-onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, déanfar iad a ríomh ar bhonn allmhairí an Aontais Eorpaigh.

DEARBHÚ ÓN AONTAS EORPACH
MAIDIR LE hAIRTEAGAL 5 I nDÁIL LE TÁIRGÍ TIONSCNAIMH
Ó PHEIRIÚ AGUS ÓN gCOLÓIM

Dearbhaíonn an tAontas Eorpach, chun críocha fhomhír 1(f) agus fhomhír 1(g) d’Airteagal 5 d’Iarscríbhinn II maidir leis an Sainmhíniú ar an gCoincheap ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin (dá ngairtear ‘an Iarscríbhinn’ anseo feasta):

- (a) Ní bheidh feidhm ag na téarmaí ‘soithí na gcríoch sin’ agus ‘longa próiseála na gcríoch sin’ ach maidir le soithí agus longa próiseála¹:
 - (i) atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir;
 - (ii) seoladh faoi bhratach Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó faoi bhratach tíre Aindéi is sínitheoir; agus
 - (iii) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 faoin gcéad ar a laghad ag náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de thír Aindéach is sínitheoir; nó

¹ Chun na coinníollacha a chomhlíonadh le haghaidh soithí agus longa próiseála a bhunaítear faoin bhfomhír seo den Dearbhú seo, féadfaidh feidhm a bheith ag carnadh tionscnaimh le tíortha is comhaltaí de Chomhphobal na nAindéas nach Páirtí sa Chomhaontú seo, Cósta Ríce, an tSalvadóir, Guatamala, Hondúras, Nicearagua, Panama agus Veiniséala.

– tá siad faoi úinéireacht daoine dlítheanacha:

= a bhfuil a gceannoifig agus a bpríomháit ghnó i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir, agus

= atá faoi úinéireacht 50 faoin gcéad ar a laghad ag náisiúnaigh nó eintitis phoiblí de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de thír Aindéach is sínitheoir.

(b) d’ainneoin fhomhír (a), beidh feidhm ag na téarmaí ‘soithí na gcríoch sin’ agus ‘longa próiseála na gcríoch sin’ freisin maidir le soithí agus longa próiseála a ghabhann táirgí ó iascaireacht farraige laistigh de 200 muirmhíle ó bhonnlinnte Pheiriú agus a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas:

(i) tá siad cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir;

(ii) bíonn siad ag seoladh faoi bhratach Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó faoi bhratach tíre Aindéi is sínitheoir;

(iii) tugann siad a ngabhálacha i dtír i bPeiriú; agus

(iv) tá siad faoi úinéireacht daoine dlítheanacha:

– a bhfuil a gceannoifig agus a bpríomháit ghnó i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir, agus

- a bhailíonn níos mó ná 50 faoin gcéad dá láimhdeachas iomlán i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir

Beidh na coinníollacha atá leagtha síos san fhomhír seo (b) infheidhme maidir le táirgí a shonraítear i bhFoscúbhinn 5.

Gach 3 bliana ó theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe seo, déanfaidh an tAontas Eorpach athbhreithniú ar Fhoscúbhinn V, agus staid na bithmhaise laistigh de 200 muirmhíle ó bhonnlinnte Pheiriú, na hinfheistíochtaí i bPeiriú, a chumas onnmhairiúcháin agus an tionchar sóisialta agus eacnamaíoch san Aontas Eorpach á gcur san áireamh.

Beidh forálacha na hIarscríbhíne agus na bhFoscúbhinní a ghabhann léi infheidhme maidir leis an Dearbhú seo, ar cuid dhílis den Chomhaontú seo é.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH Ó PHEIRIÚ AGUS ÓN gCOLÓIM
MAIDIR LE hAIRTEAGAL 5 I nDÁIL LE TÁIRGÍ TIONSCNAIMH
ÓN AONTAS EORPACH

Dearbhaíonn Poblacht Pheiriú agus Poblacht na Colóime tAontas Eorpach, chun críocha fhomhír 1(f) agus fhomhír 1(g) d’Airteagal 5 d’Iarscríbhinn II maidir leis an Sainmhíniú ar an gCoincheap ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin (dá ngairtear ‘an Iarscríbhinn’ anseo feasta):

Ní bheidh feidhm ag na téarmaí ‘soithí na gcríoch sin’ agus ‘longa próiseála na gcríoch sin’ ach maidir le soithí agus longa próiseála:

- (a) atá cláraithe i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir;
- (b) seoladh faoi bhratach Ballstáit de chuid an Aontais Eorpaigh nó faoi bhratach tíre Aindéi is sínitheoir; agus
- (c) a chomhlíonann ceann de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) go bhfuil siad faoi úinéireacht 50 faoin gcéad ar a laghad ag náisiúnaigh de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de thír Aindéach is sínitheoir; nó
 - (ii) tá siad faoi úinéireacht daoine dlítheanacha:
 - a bhfuil a gceannoifig agus a bpríomháiit ghnó i mBallstát den Aontas Eorpach nó i dtír Aindéach is sínitheoir, agus
 - atá faoi úinéireacht 50 faoin gcéad ar a laghad ag náisiúnaigh nó eintitis phoiblí de Bhallstát den Aontas Eorpach nó de thír Aindéach is sínitheoir.

Beidh forálacha na hIarscríbhinne agus na bhFoscscríbhinní a ghabhann léi infheidhme maidir leis an Dearbhú seo, ar cuid dhílis den Chomhaontú seo é.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE PRIONSACHT ANDÓRA

1. Glacfaidh tíortha Aindéacha is sínitheoirí le táirgí de thionscnamh Phrionsacht Andóra a thagann faoi Chaibidlí 25 go 97 den Chóras Comhchuibhithe mar tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 2 d'Iarscríbhinn II a bhaineann le Sainmhíniú an Choincheapa 'Táirgí Tionscnaimh' agus le Modhanna Comhair Riaracháin (dá ngairtear 'an Iarscríbhinn' anseo feasta).
2. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn *mutatis mutandis* chun stádas tionscnaimh na dtáirgí thuasluaite a shainiú.

DEARBHÚ COMHPHÁIRTEACH
MAIDIR LE POBLACHT SAN MAIRÍNE

1. Glacfaidh na tíortha Aindéacha is sínitheoirí le táirgí de thionscnamh Phoblacht San Mairíne mar tháirgí de thionscnamh an Aontais Eorpaigh de réir bhrí Airteagal 2 d'Iarscríbhinn II a bhaineann le Sainmhíniú an Choincheapa 'Táirgí Tionscnaimh' agus le Modhanna Comhair Riaracháin (dá ngairtear 'an Iarscríbhinn' anseo feasta).
2. Beidh feidhm ag an Iarscríbhinn *mutatis mutandis* chun stádas tionscnaimh na dtáirgí thuasluaite a shainiú.

RÁITEAS COMHPHÁIRTEACH

MAIDIR LE hATHBHREITHNIÚ AR NA RIALACHA TIONSCNAIMH ATÁ IN IARSCRÍBHINN II MAIDIR LEIS AN SAINMHÍNIÚ AR ‘TÁIRGÍ TIONSCNAIMH’ AGUS MODHANNA COMHAIR RIARACHÁIN

1. Comhaontaíonn na Páirtithe athbhreithniú a dhéanamh ar na rialacha tionscnaimh atá in Iarscríbhinn II maidir leis an Sainmhíniú ar ‘Táirgí Tionscnaimh’ agus Modhanna Comhair Riaracháin (dá ngairtear ‘an Iarscríbhinn’ anseo feasta) agus plé a dhéanamh ar na leasuithe is gá arna iarraidh sin do cheachtar Páirtí. Sa phlé sin, cuirfidh na Páirtithe forbairt na dteicneolaíochtaí, na bpróiseas táirgthe agus na dtosca eile go léir san áireamh, lena n-áirítear athchóirithe leanúnacha ar rialacha tionscnaimh, a d’fhéadfadh údar a thabhairt leis na hathruithe ar na rialacha. Déanfar aon athruithe ar an Iarscríbhinn ar bhonn chomhaontú na bPáirtithe lena mbaineann, i gcomhréir le hAirteagal 37 den Iarscríbhinn.
2. Déanfar Foscríbhinn 2 a ghabhann leis an Iarscríbhinn a oiriúnú i gcomhréir leis na hathruithe tréimhsiúla ar an gCóras Comhchuibhithe.
3. Comhaontaíonn na Páirtithe go ndéanfaidh siad anailís ar a indéanta atá sé cruthúnas digiteach tionscnaimh a chur chun feidhme.
